SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA HÉIREANN



# Tuarascáil Bhliantúil 2013


ÁR MISEAN
Imirt ról ceannasach i athrú Éirinn i sochaí atá bunaithe ar struchtúir fuinnimh teicneolaíochtaí agus cleachtais atá inmharthana.

# CLÁR NA NÁBHAR


| | |
|---|---|
| **Ráiteas an Chathaoirligh** | **02** |
| **Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh** | **04** |
| **Éachtaí 2013** | **06** |
| **Athbhreithniú 2013** | **08** |
| A sholáthraíonn | 09 |
| A thacaíonn leis an méid a leanas | 10 |
| A fhorbraíonn | 11 |
| A chuireann faisnéis ar fáil don mhéid a leanas | 13 |
| Tionchar a Imirt | 15 |
| Athbhreithniú 2013 | 19 |
| **Tuarascáil um Éifeachtúlacht Fuinnimh Bhliantúil 2013** | **20** |
| **Rialachas Corparáideach** | **23** |
| **Ráitis Airgeadais** | **34** |
| An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird | 35 |
| An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 36 |
| An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais | 38 |
| An Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta | 40 |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 42 |
| Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán | 43 |
| Clár Comhardaithe | 44 |
| An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 45 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 46-64 |

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



**Tar éis dom glacadh le cathaoirleacht an Údaráis in 2007, scríobh mé go dtiocfadh borradh ar an gclár fuinnimh inmharthana ó thaobh castachta agus go gcruthódh sé ní ba mhó dúshlán dúinn ná riamh roimhe seo. Bhí an dealramh air gurbh amhlaidh a bhí an cás. Ach tá Éirinn tar éis tabhairt faoin dúshlán, agus léiríodh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta gur féidir leis na hÉireannaigh bheith ina gceannasaithe seachas bheith ina leantóirí i bhforbairt an gheilleagair fuinnimh inmharthana.**



Ábhar mór bróid atá sna héachtaí a baineadh amach le seacht mbliana anuas: cuireadh i gcrích250,000 uasghrádú fuinnimh tí, rinneadh rátáil ar 400,000 teach, chabhraigh na mílte gnólacht le billí a laghdú trí na céadta míle euro agus rinneadh caighdeán ar fud an domhain mhóir de chaighdeán náisiúnta fuinnimh le haghaidh bainistíocht fuinnimh, arna fhorbairt ag an Údarás. Cúis sásaimh ar leith é gurb ionann fuinneamh in-athnuaite anois agus nach mór an cúigiú cuid de ghiniúint leictreachais.

Baineann scála na ndúshlán a chuireann isteach ar an gcine daonna mar thoradh ar bhreoslaí iontaise a dhó d'aon mhórtas éachta. I gcaitheamh na seacht mbliana céanna, chuir sreabhadh tuarascálacha idirnáisiúnta leis an tuiscint ghinearálta atá ar eolaíocht an athraithe aeráide agus, ar a uain sin, leis an gconclúid shuaiteach go bhfuil an bhagairt ar an bpláinéad mar gheall ar théamh domhanda i bhfad níos mó ná mar a samhlaíodh roimhe seo. Ní féidir an sprioc a bhaint amach cheana féin lena mbaineann teorainn a leagan go dtí 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíochta, mar sin, is é an dúshlán atá romhainn chun bearta a chur i dtoll a chéile agus a chur i bhfeidhm chun tionchar an téimh dhomhanda a mhaolú, agus breis arduithe a staonadh a bhféadfadh iarmhairtí as cuimse bheith acu i leith an chomhshaoil.


Agus an todhchaí seo i ndán dúinn, tá cúiseanna spreagúla morálta ann lenár gcórais fuinnimh a dhícharbóiniú. Ach má theipeann orthu dul i gcion, beidh cás geilleagrach ann atá chomh spreagúil céanna chun dul i mbun gníomh tiomanta.

Mar gheall ar a láthair gheografach, tá ag Éirinn ceann de na hacmhainní fuinneamh gaoithe is saibhre ar domhan. Dá mbeadh straitéis fhadtéarmach ann chun oiread is mó úsáide a bhaint as an acmhainn sin, d'fhéadfaí an geilleagar a dhícharbóiniú, laghdófaí iompórtálacha breosla iontaise, chuirfí feabhas ar iomaíochas idirnáisiúnta agus bhainfí amach neamhspleáchas fuinnimh. D'fhéadfadh fiontraithe Éireannacha an t-aistriú fuinnimh seo a stiúradh agus foinse úrnua d'easpórtálacha a fhorbairt a sháródh iad seo a thagann ón talmhaíocht. Tá deis nach bhfuil a sárú ann ag Éirinn go ndéanfaí an ceannasaí domhanda di i bhfuinneamh glan agus go mbainfeadh sí geilleagar ísealcharbóin amach.

Chun an fhís seo a fhíorú, theastódh braistint ollmhór de chuspóir náisiúnta, mar aon le toilteanas chun oiriúnú, infheistiú, nuálú agus bheith straitéiseach i ndéanamh uile cinntí. Sholáthair na seacht mbliana anuas samplaí iomadúla den mhéid is féidir a bhaint amach nuair a sholáthraítear an cheannaireacht cheart agus tugann siad le tuiscint go bhféadfaí an claochlú fuinneamh a chur i gcrích in Éirinn i bhfad roimh an sprioc 2050 a bhfuil an pobal domhanda tiomanta di. Maidir leis an am i láthair, is ar éigean atá an t-aistear fada sin tosaithe. Leis seo a chríochnú go tráthúil, teastóidh iarracht níos mó náisiúnta ná a iarradh riamh roimhe seo. Sin scála an dúshláin atá roimh shochaí na hÉireann, dúshlán ina bhfuil ról uathúil le comhlíonadh ag an Údarás.

Is mian liom buíochas a ghabháil lenár máthair-roinn agus leis an Aire as ucht na tacaíochta a thug siad don Údarás le bliain anuas agus, go deimhin féin, i gcaitheamh mo thionachta mar Chathaoirleach. Ba mhian liom buíochas a ghabháil le gach duine de na comhaltaí Boird a chuir chomh fial flaithiúil sin le hobair an Údarás i gcaitheamh na tréimhse sin agus leis an bhfoireann a d'oibrigh chomh neamhleithleach sin ar mhaithe le leas náisiúnta.

Mar fhocal scoir, tá sé chomh bailí céanna a rá inniu, amhail a dúirt mé thiar in 2007, gur rud dúshlánach agus éilitheach atá sa todhchaí. Táim muiníneach, bunaithe ar an rath a bhí orainn roimhe seo, agus ar thiomantas leanúnach na foirne, go n-éireoidh leis an Údarás sa mhisean a bhonn reacht orthu, chun todhchaí fuinnimh inmharthana a chruthú d'Éirinn.



**Brendan Halligan**

An Cathaoirleach,
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

**Gach bliain, léiríonn tuarascáil bhliantúil an SEAI an borradh leantach atá tagtha ar ábharthacht agus an tábhacht a bhaineann le ceisteanna fuinnimh inmharthana in Éirinn. Is soiléire níos mó anois ná riamh roimhe go bhfuil daoine ag tabhairt faoi éifeachtúlacht fuinnimh go gníomhach, go bhfuil borradh ag teacht ar an úsáid a bhainimid as fuinneamh in-athnuaite, agus go bhfuil borradh ag teacht ar dhíospóireachtaí faoinár ndúshláin agus ár roghanna fuinnimh chomh maith. I dturas an ama, leanann práinne na ndúshlán atá romhainn, go háirithe maidir le hathrú aeráide, le haird shuntasach a mhealladh.**



Ba í 2013 an bhliain a ghabh uasghráduithe fuinnimh bhaile thar an ngarsprioc 250,000. Ciallaíonn sin gur thug teach as gach seacht dteach in Éirinn faoi ghníomh, le tacaíocht ón Rialtas, chun costais fuinnimh a laghdú. Thugamar tionchar an mhéid seo faoi deara ar staitisticí náisiúnta maidir le húsáid fuinnimh i dtithe, agus tá an treocht ar an iomlán laghdaithe 18% thar thréimhse cúig bliana. I gcomhthráth, sháraigh BERanna a foilsíodh 400,000, a thugann le fios go bhfuil rátáil fuinnimh faoi láthair ag teach amháin ag gach ceithre theach.

Tá an pointe bainte amach againn anois go bhfuil gluaiseacht shochaíoch déanta d'éifeachtúlacht. Ábhar mórspéise atá ann i measc daoine, earnáil rathúil fostaíochta é agus tá saibhreas táirgí agus seirbhísí nuálacha atá ag teacht chun an mhargaidh ann.

Mar aon le bheith mar cheist le haghaidh úinéirí aonair tí, thugamar borradh ar leith faoi deara i mbliana ar fhuinneamh inmharthana mar théama le haghaidh pobal. Thacaigh an SEAI le nach mór 90 tionscadal pobail ina raibh daoine ag oibriú as lámh a chéile chun feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh ina bpobail áitiúla, airgead a choimeád i ngeilleagar na hÉireann, é a infheistiú i bpoist agus i ngnólachtaí áitiúla. I gcaitheamh na bliana, thug mé cuairt ar líon de na pobail seo agus, gach uair, baineadh siar asam ag an meanma thréan chomhoibrithe agus

thiomantais. Is fíor-spreagrúil a fheiceáil an méid is féidir a bhaint amach nuair a chuirtear na sócmhainní seo uile i ngníomh.

Tá tuiscint mhéadaitheach ann go bhfuil fuinneamh inmharthana mar chuid dár bhfís le haghaidh féindóthaine, agus chun poist nua a chruthú bunaithe ar ár dtreise náisiúnta. I measc na treise seo tá ár meanma fiontraíochta agus an toil atá againn chun nuálú a dhéanamh. Áirítear leo, chomh maith, ár n-acmhainní iontacha dúchasacha glana fuinnimh, ar tháinig borradh tréan ar an úsáid ar bhaineamar astu in 2013, an úsáid a bhaineamar as fuinneamh gaoithe, ach go háirithe, chun leictreachas glan a tháirgeadh. Chuir seo ar ár gcumas againn ár n-iompórtálacha breoslaí iontaise a laghdú faoi cheathrú billiúin euro, agus ár n-astuithe carbóin a laghdú faoi nach mór dhá mhilliún tonna, gan cur le praghsanna leictreachais do thomhaltóirí.

Ní hé nach bhfuil ábhar conspóide inár gcóras fuinnimh agus bíonn roinnt gnéithe, fuinneamh gaoithe go háirithe, ina n-ábhar díospóireachta teasaí go minic. Creidimid go bhfuil fiúntas i ndíospóireacht, mar gheall gur ceisteanna tábhachtacha iad seo a imríonn tionchar orainn go léir agus go bhfuil impleachtaí fadtéarmacha acu. Ach ba cheart go mbeadh dhá phrionsabal ann leis an díospóireacht. Ar an gcéad dul síos, ba cheart í a bhunú ar fhíricí seachas miotais. Agus ar an dara dul síos, ba cheart go mbeadh iad siúd a thugann aighneachtaí chun solais réidh le roghanna inghlactha agus réalaíocha a chur i láthair. Cé go mbeidh éifeachtúlacht fuinnimh i gcónaí ar an gcéad tosaíocht, ní bheidh sí riamh dóthanach léi féin d'fhonn ár spriocanna a bhaint amach. Ar an ábhar sin, is gá dúinn súil a chaitheamh ar an meascán foinsí fuinnimh, bíodh fuinneamh gaoithe, gréine, bithfhuinneamh agus, i gcaitheamh an ama seo, ar a laghad, breoslaí iontaise i gceist leo. Teastaíonn córas fuinnimh uainn atá oiriúnach don chuspóir agus oiriúnach don todhchaí, agus gabhann buntáistí agus míbhuntáistí le gach rogha. Féadfaidh fianaise faisnéis a sholáthar don trádmhalartú, agus is faoin tsochaí a bhíonn sé, ina dhiaidh sin, cinneadh a dhéanamh ar a roghanna, ach ní féidir leo baint dá bhfreagrachtaí.

In 2013, ghlac Éire le ról Uachtaránacht na Comhairle Eorpaí, agus sholáthar seo deis chun an méid a bhaineamar amach agus ár ndúthracht ar líon ardáin mhóra a thaispeáint. Is soiléir go bhfuil ag éirí go han-mhaith le hÉirinn i dtaobh iomaíochais de, agus bíonn cuairteoirí idirnáisiúnta sásta leis an leibhéal gníomhaíochta i measc ghnéithe soláthair agus éilimh an fhuinnimh inmharthana. Anuas air sin, is fiú a mheabhrú cé chomh domhanda atá na ceisteanna agus go bhfuil a mhacasamhail de dhúshláin romhainn go léir. Mar mhalairt air sin, má aimsíonn nuálaithe agus gnóthais Éireannacha réitigh, aimseoidh siad margaí domhanda dóibh.

Ní dhéanann duine ar bith dínn díospóireacht ar fhuinnimh ar mhaithe linn féin. Níl i bhfuinneamh ach bealach chun scríbe. I ndeireadh na dála, baineann sé le daoine, a gcompord, a bhfolláine, agus a bpoist. Go gearrthéarmach, táimid go léir dírithe ar chruthú post agus billí a laghdú. Ach tá ceisteanna níos suntasaí ann nár cheart dúinn neamhaird a dhéanamh díobh. Ní féidir linn leanúint agus breoslaí iontaise a iompórtáil ó sholáthairtí leochaileacha agus ar a bhfuil praghsanna a bhfuil síormhéadú ag teacht. Agus is cinnte deimhin nach féidir linn leanúint agus carbóin a scaoileadh ar na leibhéil reatha. Ní mór dúinn ár gceisteanna a thabhairt faoi deara i gcomhthéacs domhanda agus amach anseo agus ár n-intleachtacht a chur i ngníomh maidir le ceist atá mar shaincheist na linne seo. Is mór an onóir atá ar an SEAI an ról seo a bheith acu sa ghluaiseacht seo.

Ba mhian liom buíochas a ghabháil leis an Aire, oifigigh na roinne, an Bord, an fhoireann bhainistíochta, ach go háirithe foireann an SEAI as ucht a dtacaíochta agus a ndúthrachta leanúnaí don dianiarracht dhúshlánach seo a dhéanann éacht ar deireadh thiar.



**An Dr Brian Motherway**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

## Gníomhartha an SEAI feadh na gclár i 2013 mar thoradh ar:







## A sholáthraíonn



- Deontais Fuinnimh Níos Fearr **€45m** arna soláthar le haghaidh uasghráduithe um éifeachtúlacht fuinnimh in **27,130** teach agus nach mór **300** áis phoiblí agus phobail:
- Infheistíocht iomlán **€85m** in oibreacha uasghrádaithe Fuinnimh Níos Fearr a thacaíonn le **2,300** post
- **106,000** Rátáil Fuinnimh Foirgnimh foilsithe – **97,000** rátáil chónaithe agus **9,000** rátáil neamhchónaithe
- Chuir deontais ar luach **€0.25m 60** feithicil leictreach ní ba mhó ar an mbóthar.

## A thacaíonn leis an méid a leanas

## A chuireann faisnéis ar fáil don mhéid a leanas



- **50** comhlacht den earnáil phoiblí ag a bhfuil caitheamh iomlán fuinnimh breis agus **€420m** atá cláraithe anois i gClár Comhpháirtíochta Fuinnimh Earnála Poiblí an SEAI
- Coigiltí **€40m** bainte amach ag **160** comhalta Líonra Fuinnimh Mhórthionscail (LIEN)
- **300** seisiún oiliúna fuinnimh le haghaidh SMEanna, a shainaithníonn coigiltí a mhéid le **€3m**
- Tacaíocht **€1.2m** arna soláthar do **11** thionscadal fuinneamh aigéin
- **127** ainmní le haghaidh Gradaim Fuinnimh, a bhain coigiltí iomlána **€23m** amach
- **2** chlár EnergyMAP d'intéirnigh críochnaithe

- **6** thuarascáil mhóra staitistic fuinnimh foilsithe
- Bhí an SEAI ina n-óstach ar bhreis agus **30** imeacht náisiúnta agus áitiúil agus bhí breis agus **6,000** de lucht freastail ann, Comhdháil SETPlan an AE san áireamh
- **650** ceardlann le haghaidh **19,000** dalta scoile ar fud na tíre.

# ATHBHREITHNIÚ 2013



# A SHOLÁTHRAÍONN



Tá Scéimeanna Fuinnimh Níos Fearr ag baint amach coigiltí um éifeachtúlacht fuinnimh le haghaidh úinéirí tí agus pobal, agus déanann siad áiteanna níos compordaí d'fhoirgnimh agus coimeádann siad fostaíocht ríthábhachtach san earnáil aisfheistithe.

Soláthraíonn **an Scéim um Thithe Fuinnimh Níos Fearr**, príomhchuid de Phlean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh na hÉireann, cúnamh d'úinéirí tí príobháideacha chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh a dtí le huasghráduithe inslithe agus córas téimh. Laghdaíonn seo a n-úsáid agus a gcostais fuinnimh, agus na hastuithe gaolmhara gáis cheaptha teasa. D'uasghrádaigh beagnach 14,000 úinéir tí a dtithe in 2013. Rinne seo 75 GWh d'fhuinneamh agus 21 Kt de CO2 a choigilt. Rinneadh deontais iomlána €13m a mheaitseáil le €36.5m d'airgead úinéirí tí, a thacaigh le 1,250 post i dtionscadal aisfheistithe fuinnimh na hÉireann, a bhfuil borradh ag teacht air. Chuir an SEAI tús le clár oiliúna dírí do na 1,300 conraitheoir cláraithe agus gníomhach trí iniúchtaí tionlactha ar oibreacha. D'eascair breisoiliúint shuntasach as seo i measc conraitheoirí.

Tacaíonn **an Scéim Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo** leis an Straitéis um Fhuinneamh Inacmhainne in Éirinn trí fheabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh a sholáthar i dtithe daoine scothaosta agus daoine leochaileacha, a dhéanann na tithe níos compordaí, níos sláintiúla agus níos costéifeachtúla lena reáchtáil. Soláthraítear seo saor in aisce d'úinéirí incháilithe tí. Uasghrádaíodh beagnach 10,000 teach, a rinne 20 GWh d'fhuinneamh agus 5 Kt de CO2 a choigilt. B'ionann an costas iomlán agus €17.5m, agus tacaíodh le breis agus 600 post sa tionscadal aisfheistithe fuinnimh. In 2013, tugadh caighdeáin nua choiteanna theicniúla isteach ar fud na scéimeanna Fuinneamh Níos Fearr agus d'fheabhsaigh seo cáilíocht agus cumas eagraíochtaí pobalbhunaithe chun aisfheistiú a sholáthar ina gceantar áitiúil.

Díríonn **an Clár Ceantarbhunaithe Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo** ar chur chuige compháirtíochta ar leibhéal an phobail i leith aisfheistiú fuinnimh thithe costéifeachtúil agus níos doimhne a sholáthar, a bhaineann barainneachtaí scála amach trí chur chuige ceantarbhunaithe. Uasghrádaíodh beagnach 2,900 teach trí 37 tionscadal, a rinne 19 GWh d'fhuinneamh a choigilt. Sholáthair an SEAI deontais €7m, agus rinne siad €3.5m i gcistí príobháideacha a mheaitseáil.

Dhírigh **an Clár Pobail Fuinnimh Níos Fearr** in 2013 ar sheachadadh tionscadail nuálaíocha um éifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh ar leibhéal an phobail trí chomhpháirtíochtaí grúpaí pobail, líonraí áitiúla, soláthróirí agus conraitheoirí fuinnimh a mhúscailt. Fuair 47 tionscadal €7.8m i gcistiú deontais ar an iomlán. Bhí tionscadail éagsúil i dtaobh na gcomhpháirtíochtaí a beartaíodh agus nádúr agus scála na n-uasghráduithe, lena n-áirítear tithe, scoileanna, gnólachtaí, ionaid phobail, clubanna CLG agus áitribh údaráis áitiúil.

# A THACAÍONN LE




Chun cabhrú le hÉirinn a sprioc 2020 d'fheabhsú 20% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach, tá an Rialtas ag iarraidh ar **an earnáil phoiblí** feidhm cheannais a ghlacadh trí sprioc shínte d'fheabhsúchán 33% a bhaint amach. Chun dul chun cinn a rianú i leith na sprice seo, d'fhorbair an SEAI córas Monatóireachta agus Tuairiscithe ar líne trína rianaíonn agus tuairiscíonn comhlachtaí poiblí a sonraí gach bliain. Rinne an chéad ghrúpa 100 comhlacht a sonraí a thuairisciú (le haghaidh 2011) tríd an gcóras seo. Tugadh feabhsúchán éifeachtúlachta 10% ar an iomlán le fios, mar aon le coigiltí measta €9m, trí bhreis agus 750 tionscnamh sonrach um choigilt fuinnimh a chur i bhfeidhm. Beidh breis agus 400 comhlacht ag tuairisciú ó 2014 ar aghaidh (tríd an SEAI) ar a ndul chun cinn i leith spriocanna náisiúnta.

Déanann **Clár Comhpháirtíochta Fuinnimh Earnála Poiblí** an SEAI an dualgas a leagan ar chomhlachtaí poiblí chun an caighdeán is airde de bhainistíocht fuinnimh a chur i bhfeidhm. Tá breis agus 50 comhpháirtí anois ag an SEAI, a thacaíonn le comhaltaí chun seo a bhaint amach, a chlúdaíonn caiteachas bliantúil fuinnimh €420m.

Leagtar amach sa **Chreatlach Náisiúnta Seirbhísí Fuinnimh** cur chuige struchtúrtha i leith cur i bhfeidhm tionscadail fuinnimh trí Chonrú Feidhmíocht Fuinnimh. Tá sé in ainm is seachadadh éifeachtach coigiltí fuinnimh a chinntiú agus chun forbairt mhargadh na cuideachta seirbhísí fuinnimh (ESCO) a spreagadh. I Meitheamh 2013, chláraigh grúpa 20 tionscadal eiseamláireach leis an gcreatlach a úsáid agus a tástáil feidhme a dhéanamh ar an gcreatlach. I measc na dtionscadal seo, a baineadh ón earnáil phoiblí agus phríobháideach araon, tá soilsiú poiblí agus athchóiriú príosún agus próiseáil sicíní agus athchóiriú óstáin. Le chéile, tá infheistíocht a mhéid le €55m i gceist leo, agus tacóidh siad lena mhéid le 500 post agus soláthróidh siad coigiltí fuinnimh breis agus €10m.

Leanann **éifeachtúlacht fuinnimh** le deis mhaith airgeadais a chruthú le haghaidh gnó le linn na tréimhse dúshlánaí geilleagraí seo. Go tipiciúil, nuair a bhíonn taighde á dhéanamh ar an limistéar seo, deimhníonn an SEAI gur ghlac leath de chuideachtaí na hÉireann gníomhartha chun feabhas a chur ar a n-éifeachtúlacht fuinnimh sna trí bliana atá imithe thart. Ní bhíonn caitheamh caipitil i gceist ach leis an tríú cuid díobh seo, agus baineann gnólachtaí meánchoigiltí costais 12% amach. Sa chomhthéacs seo, léiríonn Dawn Meats i mBéal Átha hAmhnais, Contae Mhaigh Eo, a bhuaigh an Gradam Nuálaíochta ag na Gradaim Fuinnimh Inmharthana i Samhain, conas is féidir leis bheith an-bhrabúsach le bheith ag smaoineamh go nuálach. Thug siad faoi thionscadal chun teouisce a phíopáil, a ghin córais aisghabhála teasa, idir dhá áis atá 1km óna chéile trí chóras fíor-inslithe téimh cheantair. D'eascair 90% den teouisce as an tionscadal a úsáidtear le haghaidh glantacháin agus nite a bheith á tháirgeadh saor in aisce.

B'ann do spéis mhór i gcónaí sa réimse **cláir ghnó** a bhí ar fáil ón SEAI chun tacú le baint amach coigiltí fuinnimh; ghlac a mhéid le 300 duine agus cuideachta páirt i ngníomhaíochtaí oiliúna agus/nó comhairle agus meantóireachta, agus ghlac líonta ní ba mhó páirt i réimse imeachtaí faisnéise agus líonraithe. Is réidh go fóill do bhallraíocht an Líonra Fuinnimh Mhórthionscadail (LIEN) agus tá 160 ball ann, agus léiríonn úsáid fuinnimh eagraíochtaí LIEN anois 17% den Riachtanas Iomlán Príomhfhuinnimh. In 2013, bhain comhaltaí coigiltí amach trí ghníomhartha bainistíochta fuinnimh €40m.

# A FHORBRAÍONN




Lean an SEAI le tacú le forbairt na hearnála **fuinneamh aigéin**. I gcomhpháirtíocht le Foras na Mara, chríochnaigh siad sraith suirbhéanna ar ghrinneall na farraige agus ar fhorbairt na suíomhanna tástála i nGaillimh agus i mBéal an Mhuirthead i gContae Mhaigh Eo. Fuair 11 thionscadal, ar an iomlán, tacaíocht leanúnach tríd an gCiste Fréamhshamhla Fuinneamh Aigéin. Earnáil dhúshlánach atá inti seo go fóill mar gheall go bhfuil cuideachtaí meáite ar choincheapa a thabhairt chun aibíochta. Tá Suíomh Tástála Fuinnimh Mhuirí an Atlantaigh (AMETS) i mBéal an Mhuirthead anois sna céimeanna deiridh den phróiseas pleanála agus ceadúnaithe cladaigh do na suíomhanna ar doimhneacht 50m agus 100m. Tugadh faoi bhreis oibre in 2013 ar shuíomh fostáisiúin thaobh na talún, agus ar iarratas a ullmhú le haghaidh suíomh tástála i ngar don chladach.

Lean tabhairt isteach **feithiclí leictreacha** (FLanna) in 2013, le tacaíocht ó scéim deontais an Rialtais agus faoiseamh CCF ó na Coimisinéirí Ioncaim. Tá breis agus 300 feithicil anois ag oibriú ar bhóithre na hÉireann. Lean BSL le tabhairt isteach mearluchtairí agus pointí luchtaithe poiblí FL ag stáisiúin líonta agus ag láithreacha eile ar fud na tíre. Tá na céimeanna deiridh á mbaint amach ag an SEAI de thionscadal feithiclí leictreacha ar Oileáin Árann i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Rinneadh monatóireacht gach mí ar ocht bhfeithicil leictreacha ar na hoileáin ó 2010 i leith.

Chuir an clár **Pobail Fuinnimh Inmharthana (SEC)** lena chuspóir chun aistriú náisiúnta a spreagadh i dtreo cleachtas fuinnimh inmharthana trí Líonra SEC a bhunú agus trí thrí SEC eiseamláireacha a roghnú: Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Chríochnaigh na trí eiseamláir a bpleananna oibre 2013, agus dhírigh siad a n-iarrachtaí ar mháistirphleananna fuinneamh pobail. Chuir Dún Dealgan tús le monatóireacht agus le méadrú cliste, agus chuir siad an chéad chéim eile de chóras Bainistíochta Fuinneamh Pobail i bhfeidhm faoin gclár Pobail Fuinnimh Níos Fearr. Dhírigh an Líonra SEC ar thacú le hiarratais ar Phobail Fuinnimh Níos Fearr agus ar na céimeanna deiridh a chríochnú de thionscadal CHOINSÉARTÓ IOMLÁNAÍOCH AN AE (EU CONCERTO HOLISTIC).

Ar cheann de róil an SEAI is ea bheith i gceannas ar fhorbairt agus ar ghlacadh na straitéisí dea-chleachtais **pleanála agus glactha fuinnimh** agus le hiad a éascú agus a chur chun cinn i measc imreoirí rialála agus tionscail. In 2013, sheolamar ár dtreoirlínte maidir le Straitéisí Fuinnimh Inmharthana d'Údaráis Áitiúla (LARES) le cur chuige comhsheasmhach a spreagadh i leith pleanáil spásúlachta agus forbartha le haghaidh fuinneamh inmharthana.

Chun tacú leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) le huasghrádú a dhéanamh ar ghnéithe dá dTreoirlínte maidir le Fuinneamh Gaoithe, choimisiúnaíomar agus d'fhoilsíomar staidéar taighde dea-chleachtais ar shaincheisteanna agus caighdeáin a bhain le glór cumhacht ghaoithe. Tríd an mbaint a bhíonn againn i dtionscnaimh **na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta um Fhuinneamh (IEA)**, bhíomar ag tabhairt faoi bhunú agus taighde ar feadh roinnt blianta ar dhea-chleachtas maidir le húsáid fuinneamh gaoithe, lena n-áirítear glacadh sóisialta agus cleachtais um shochar pobail, agus d'ullmhaíomar ábhar treorach agus cás-staidéir a bhaineann le dea-chleachtas in Éirinn. Leanaimid lenár nardán --ar líne acmhainní fuinnimh in-athnuaite a nuashonrú chun pleanáil agus úsáid fheabhsaithe a chumasú.

# A FHORBRAÍONN



Chríochnaigh an SEAI fardal agus anailís ar bhearna de chuid na n-earnálacha **eangaí cliste agus cathrach cliste** in Éirinn agus sholáthair siad sonraíocht náisiúnta riachtanas le haghaidh forbairt eangacha cliste agus cathracha cliste, faoi Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Post 2013. Anuas air sin, thug an SEAI faoi shraith grúpaí fócais chun faisnéis a sholáthar do dhearadh **Thabhairt Isteach Náisiúnta an Mhéadair Chliste**.

Tar éis Chleachtadh Náisiúnta Beartú Tosaíochta Taighde 2011 faoi stiúir na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta, d'fhorbair dhá Ghrúpa Oibre faoi stiúir an SEAI **pleananna náisiúnta gníomhaíochta le haghaidh taighde** i bhFuinneamh In-Athnuaite Muirí agus Eangacha Cliste agus Cathracha Cliste. Leag na pleananna seo, a foilsíodh in 2013, clár gníomhaíochta amach chun cur chuige comhordaithe a bhunú i leith cúig shraith shaincheisteanna: straitéis cistithe; bonneagar taighde; dul i ngleic le saincheisteanna scileanna; aistriú agus tráchtálaíocht teicneolaíochta a chumasú, agus ailíniú le rialacháin agus caighdeáin. Sannadh ról comhordaithe don SEAI i seachadadh an dá phlean ag na gníomhaireachtaí ábhartha.

Faoina **bhfreagrachtaí idirnáisiúnta tuairiscithe**, chuir an SEAI i dtaifead caiteachas iomlán náisiúnta ar thaighde fuinnimh breis agus €46 milliún in 2012, ar méadú €15 milliún seo i gcomparáid le 2011. Mar an toscaire agus an pointe teagmhála náisiúnta le haghaidh cláir thaighde ar fhuinneamh de chuid an AE, sholáthair an SEAI faisnéis agus tacaíocht mheántóireachta d'iarratasóirí ionchasacha Éireannacha. Thar an tréimhse 2007-2013, tugadh tacaíocht do 65 tionscadal, ar an iomlán, a bhain le fuinneamh agus tugadh tacaíocht do 95 comhpháirtí Éireannach faoi Sheachtú Creat-Chlár Taighde an AE, ar luach €55 milliún, ar tháinig 70% de ó chistiú an AE. Faoi uachtaránacht na hÉireann ar an AE, d'eagraíomar comhdháil rathúil Phlean Straitéiseach Teicneolaíocht Fuinnimh Uile-Eorpaigh (SET), a chuir faisnéis ar fáil do thosaíochtaí fuinnimh chlár nua Horizon 2020.

Tá gníomhaíochtaí **bithfhuinnimh** an SEAI dírithe ar ghlacadh le réitigh agus teicneolaíochtaí nua a luathú agus tacú le húsáid a bhaint as cumhacht is teas in éineacht (CHP) in Éirinn i gcomhthráth. D'fhoilsigh an SEAI staidéar a rinne measúnú ar na cásanna soláthair/costais agus ar phróifílí acmhainní bithfhuinnimh, idir bithfhuinneamh náisiúnta agus iompórtáilte, thar an tréimhse 2010 go 2030. Cuireann na cásanna san áireamh forbairt fhéideartha na trádála tráchtearra idirnáisiúnta bithfhuinnimh. Féadtar na torthaí a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar an gcumas chun táirgeadh bithfhuinnimh a fhairsingiú in Éirinn agus chun cabhrú le forbairt beartais. Le faisnéis a sholáthar do Straitéis Náisiúnta Bithfhuinnimh na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) a bheidh ag teacht aníos, chomhordaigh an SEAI anailís ilchritéir chinnidh ar roghanna beartais ag an nGrúpa Idir-Rannach Stiúrtha, agus cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas maidir le toradh na hanailíse.

# FAISNÉIS A SHOLÁTHAR




Cuireann an SEAI **staitisticí fuinnimh** náisiúnta i dtoll a chéile a theastaíonn le haghaidh dualgais idirnáisiúnta tuairiscithe, comhairle a chur ar an lucht déanta beartais, faisnéis a sholáthar do chinntí infheistíochta agus monatóireacht a dhéanamh ar bhearta beartais. In 2013, chuir a bpríomhfhoilseachán bliantúil, Energy in Ireland, i dtaifead laghdú breise ar éileamh náisiúnta fuinnimh, a thug le fios go bhfuil fíor-thionchar á imirt ag bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus ag fuinnimh in-athnuaite. Anuas air sin, foilsíodh tuarascálacha mionsonraithe anailíse ar fhuinneamh san earnáil chónaithe agus ar CHP, agus sholáthair an foilsiú débhliantúil ar phraghsanna leictreachais agus gáis léargais luachmhara ar iomaíocht an mhargaidh rialaithe fuinnimh agus ar chomparáidí idirnáisiúnta.

Soláthraíonn an **Grúpa Samhaltaithe Fuinnimh** feidhm thuartha mar aon le hanailís agus comhairle bheartais ar réimse saincheisteanna fuinnimh agus aeráide ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach. Gineann siad agus cuireann siad sonraí agus peirspictíochtaí úra i bhfeidhm a sholáthraíonn na foinsí is fearr náisiúnta agus idirnáisiúnta dóibh. I measc a ngníomhaíochtaí, tá anailís gheilleagrach i ngach gné d'fhuinneamh inmharthana, lena náirítear roghanna agus tionchar a bhaineann le Treoracha agus beartais AE, an Plean Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Fhuinneamh In-Athnuaite. In 2013, cuireadh tús le dhá staidéar ar thionchar maicreacnamaíoch agus ar an slabhra post agus ar chumas post ó infheistíocht i dteicneolaíochtaí fuinnimh inmharthana in Éirinn, agus cuireadh anailís le staidéar IEA ar na hilsochair a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh.

Tá sé mar chuspóir ag an gClár Trí E (Triple E), ar bunachar sonraí é de threalamh atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh le haghaidh na dreasachta cánach Luathaithe **Liúntas Caipitil (ACA)**, chun trealamh nuálach um éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, agus cabhraíonn sé le hiomaíocht mhargaidh a mhéadú agus soláthraíonn sé difreáil agus muinín shoiléir agus oibiachtúil do chliaint. Soláthraíonn an clár Trí E, anuas ar bheith mar bhonn agus taca leis an dualgas atá ar eagraíochtaí earnála poiblí chun trealamh atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh a sholáthar i gcomhréir leis na Rialacháin um Sholáthar Éifeachtúlacht Fuinnimh, bealach úsáideach chun idirghabhálacha eile beartas éifeachtúlacht fuinnimh a úsáid sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon. Faoi dheireadh 2013, b'ionann líon na dtáirgí sa bhunachar sonraí agus breis agus 10,000, ó bhreis agus 200 soláthróir thar 52 catagóir teicneolaíochta.

Tugann **Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER)** le fios feidhmíocht ríofa fuinnimh foirgnimh ar scála ó A (is mó is éifeachtúil) go G (is lú is éifeachtúil). Mar an t-údarás eisiúna, tá an SEAI freagrach as riaradh na scéime BER. Foilsíodh 99,700 BER cónaithe, ar an iomlán in 2013, agus b'ionann an líon iomlán tithe ag a raibh BER, dá bharr sin, agus 421,636. Tá BER ag teach as gach ceithre theach anois, agus is amhlaidh



atá ag breis agus 19,300 foirgneamh neamhbhaile. D'eascair méadú suntasach ar an líon BERanna a foilsíodh as cuimsiú éigeantach faisnéise faoi BER i bhfógraí faoi chíos maoine agus díol maoine ó Eanáir 2013.

Tá sé ina ríthábhacht go dtuigeann ár leanaí cén fáth agus conas ar cheart don tsochaí gluaiseacht i dtreo todhchaí ghlan agus inmharthana fuinnimh. Trína **gclár Oideachais**, soláthraíonn an SEAI réimse fairsing d'acmhainní do scoileanna ar mian leo fuinneamh a mhúineadh laistigh de na curaclaim agus chun fuinneamh agus costais a shábháil trí bhainistíocht fheabhsaithe fuinnimh. In 2013, thug breis agus 20,000 mac léinn faoi thionscnaimh an SEAI, ar nós ceardlann ar éifeachtúlacht fuinnimh agus athrú aeráide, agus an tionscadail iar-bhunscoile One Good Idea. Anuas ar Chlár Scoileanna an SEAI, bhí ceardlanna do mhúinteoirí, a bhí dírithe ar bhreis oiliúna a chur ar mhúinteoirí i bhfuinneamh a mhúineadh laistigh de churaclam eolaíochta na bunscoile. Bhain scoileanna a ghlac páirt sa Chlár Fuinnimh san Oideachas, a reáchtáiltear i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, coigilt 5%, ar an meán, amach laistigh de thrí mhí. Bhain roinnt scoileanna a mhéid le 18% amach.

In 2013, tugadh clár nua isteach, **Ár bhFuinneamh a Fhiosrú ('Exploring our Energy')**, chun cabhrú le leanaí foghlaim faoi fhuinneamh trí churaclam na bunscoile ar bhealach spraíúil. Rinne Coláiste Phádraig, Baile Átha Cliath é a fhorbairt agus is clár fairsing é do gach leibhéal ag bunscoileanna agus áirítear leis ceachtanna, gníomhaíochtaí cláir bháin agus bileoga oibre.





## TIONCHAR A IMIRT

# 1: POBAIL CHILL CHAINNIGH – COIGILTÍ COMHORDAITHE FUINNIMH

### Léiríonn Tionscadal Phobail Chill Chainnigh an ghné is bunúsaí den scéim Pobail Fuinnimh Níos Fearr, agus tá meascán fairsing ann de chomhpháirtithe agus d'fhoirgnimh.

Thacaigh an scéim Pobail Fuinnimh Níos Fearr le breis agus 80 tionscadal fuinneamh pobail in 2013 timpeall na tíre. Ba í cruthaitheacht agus díocas na bpobal a bhí páirteach mar shainmharc na dtionscadal rathúil.

Bhí comhoibriú i gceist le Tionscadail Phobail Chill Chainnigh idir an t-údarás áitiúil, Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach/Chill Chainnigh (CKEA), comhlachais tithíochta, an Cumann CLG, trí óstán áitiúla agus dhá ionad pobail. D'eascair uasghráduithe ar 224 teach as, Ionad Pobail Chainnigh, Ionad an Athair Mhic Chraith, Cumann CLG Ghaeil Uí Lochlainn, Halla na Cathrach agus líon gnólachtaí. I measc na n-oibreacha uasghrádaithe (ag brath ar an maoin), bhí: insliú áiléir, insliú balla, fuinneoga ionaid, agus uasghráduithe soilsithe agus córas téimh. D'eascair feabhsú BER ó rátáil G go C as go leor de na huasghráduithe inmheánacha.

B'ionann infheistíocht iomlán Chill Chainnigh agus €3.3m, agus tháinig €2m ón gclár Fuinnimh Níos Fearr. Bainfidh na hoibreacha uasghrádaithe coigiltí measta bliantúla fuinnimh €0.25m amach..

***"Tréaslaím liom an pobal áitiúil, go háirithe Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach Chill Chainnigh, as a dtiomantas chun tabhairt faoi na hoibreacha tábhachtacha seo."***

Phil Hogan T.D.
an tAire Comhshaoil, Pobail agus
Rialtais Áitiúil







## TIONCHAR A IMIRT

# 2: GRADAIM FUINNIMH INMHARTHANA – DEICH MBLIANA D'ÉACHTAÍ

Rinne rannpháirtithe Ghradaim Fuinnimh Inmharthana an SEAI coigiltí fuinnimh €750 milliún le deich mbliana anuas.

Tá na Gradaim Fuinnimh Inmharthana in ainm is sármhaitheas i mbainistíocht fuinnimh sna hearnálacha tionsclaíocha, tráchtála, pobail agus poiblí a spreagadh, a aithint agus chun luaíocht a bhronnadh uirthi. Tá 600 eagraíocht ann ina bhfuil breis agus 400,000 fostaí a ghlac páirt sna Gradaim Fuinnimh Inmharthana le deich mbliana anuas agus a bhain coigiltí fuinnimh €750 milliún, ar an iomlán, amach.

Léiríonn an deichiú Gradam, atá faoi urraíocht ag Electric Ireland, arís eile, conas a thug eagraíochtaí Éireannacha tiomantas don chlár fuinnimh le blianta beaga anuas. I measc na n-ainmniúchán, bhí tionscnaimh ó ghnóthais bheaga agus mhóra, ó chomhlachtaí poiblí, agus ó go leor pobail áitiúla.

D'éirigh le hÚdaráis Áitiúla Chiarraí an Gradam Leagáide bliantúil a bhaint amach as smaoineamh úr a chuir ar a gcumas acu tabhairt faoi bheith nuálach agus sochair inláimhsithe a sholáthar do mhuintir Chiarraí. Ar cheann de na tionscadail a léiríonn an ghné is bunúsaí faoin méid a bhain Ciarraí amach ná córas téimh cheantair bhithmhaise Thrá Lí. Cuireadh tús leis an tionscadal mar bhealach le hioncam a sheachadadh don earnáil áitiúil foraoiseachta, ach go luath ina dhiaidh sin, tháinig fairsingiú air agus rinneadh na céadta teach ní ba chompordaí agus ní ba shaoire le reáchtáil, agus teas in-athnuaite a sholáthar do go leor foirgnimh phobail i gcomhthráth. Bhain Údaráis Áitiúla Chiarraí coigiltí fuinnimh €1m amach trí 185 tionscadal a cuireadh i bhfeidhm go dtí seo.

**Buaiteoirí Ghradaim Fuinnimh Inmharthana 2013**

*Gradam Leagáide: Údaráis Áitiúla Chiarraí*
*Taighde: Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath*
*Nuálaíocht: Dawn Meats*
*Comhoibriú: Musgrave Group*
*Comhshaol: Cosgrave Developments*
*Earnáil Phoiblí: Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann*
*Gnólacht Beag: Sirus Group*
*Pobal: Comhairle Contae Cheatharlach*
*Tionscal: Diageo*
*Ceannaireacht: Diageo*

***"Tá Éire ina ceannródaí domhanda san fhuinneamh inbhuanaithe bainistíochta agus mar gheall nuálaíocht agus dúthracht eagraíochtaí ar nós iad siúd atá bainteach leis na Gradaim is ea sin."***

*Pat Rabbitte T.D.*
*an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha*






# TIONCHAR A IMIRT

## 3: AN AVIVA – STAIDIAM DEN CHÉAD SCOTH

I Lúnasa 2013, rinneadh an chéad staidiam de Staidiam Aviva ar domhan a bhain deimhniú ISO 50001 amach.

Tá Staidiam an Aviva i mBaile Átha Cliath mar chroílár fhoirne rugbaí na hÉireann agus peile Phoblacht na hÉireann. Tá líon suíochán 51,700 sa staidiam ina bhfuil achar 63,000m2, a críochnaíodh in 2010 ar chostas €410m. Ghabh breis agus 3 milliún cuairteoir a raibh ticéad acu trí na geataí casta le haghaidh rugaí, sacair agus ceolchoirmeacha.

Bhuaigh an staidiam líon gradaim dearaidh, lena n-áirítear gradaim ó Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann agus Institiúid Ríoga Ailtirí na Breataine. Cuid lárnach ab ea éifeachtúlacht fuinnimh de dhearadh agus de thógáil an staidiam:

- Úsáideadh slaig dhramhaíola ó fhoirnéis soinneáin sa mheascán coincréite, a rinne 4,000 tonna de $CO_2$ a choigilt.
- Úsáidtear córas cliste rialaithe agus monatóireachta soilsithe do na 18,000 feisteas solais ísealfhuinnimh atá ar fud an staidiam.
- Tá aisghabháil teasa suiteáilte ar na ceithre ghineadóir faoi chumhacht díosail chun teouisce a réamhthéamh.
- Tá dúisirí boga san áireamh ar gach mótar le saolré níos faide agus oibriú éifeachtúil a chinntiú.
- Tá rialúcháin chliste ann lena chinntiú nach n-oibríonn córais a úsáideann cumhacht ach nuair atá gá leis.

Lean an díriú ar inmharthanacht isteach i mbainistíocht oibríochtúil an staidiam, a bhí ag oibriú i leith dheimhniú ISO 20121 (an caighdeán cáilíochta comhshaoil don earnáil imeachtaí agus gnó) ó Bhealtaine 2013 i leith. Ba dhul chun cinn nádúrtha do bhainistíocht an staidiam Córas Bainistíochta Fuinnimh a chur i bhfeidhm. In 2012, bhí an staidiam rannpháirteach le Clár Comhaontuithe Fuinnimh an SEAI agus i Lúnasa 2013, ba é an chéad staidiam ar domhan a bhain deimhniú ISO 50001 amach.

***"Is í an chúis shingil is spreagúla chun ISO 50001 a chur i bhfeidhm ná gurb iad costais fuinnimh an dara costas is airde sa staidiam."***

Éamonn Williams,
Innealtóir Seirbhísí Teicniúla, Staidiam an Aviva





## TIONCHAR A IMIRT

# 4: NABCO – ROGHANNA NUÁLACHA CISTITHE D'UASGHRÁDUITHE FUINNIMH

### Samhail nuálach chistithe thrialacha an tionscadail ag Gort na Silíní

In 2013, soláthraíodh nach mór €7m de chistiú do 37 tionscadal Ceantair Fuinnimh Níos Fearr, a sholáthair uasghráduithe um éifeachtúlacht fuinnimh do nach mór 3,000 teach a bhí lag i dtaobh fuinnimh de. I measc na dtionscadal rathúil bhí tionscadail sprioctha cheantarbhunaithe a d'úsáid cur chuige comhpháirtíochta ar a raibh praghas iomaíoch agus a sholáthair feabhsúcháin um éifeachtúlacht fuinnimh do thithe leochaileacha.

Déanann an Comhlachas Náisiúnta Comharthithíochtaí Foirgníochta (NABCO) tithíocht chomhoibríoch a chur chun cinn agus a fhorbairt laistigh de líonra de bhreis agus 5,000 teach in Éirinn.

Ag Gort na Silíní i mBaile Átha Cliath, rinneadh uasghráduithe fuinnimh a sheachadadh i 77 teach i dtionscadal lenar thacaigh an SEAI tríd an gclár Ceantar Fuinnimh Níos Fearr, Tithe Níos Teo.

Sár-ionchas a bhí i sprioc a dhéanamh d'eastát singil tithíochta chun a mhacasamhail d'uasghráduithe um éifeachtúlacht fuinnimh a sholáthar do gach ceann de na tithe agus chun barainneachtaí scála a bhaint amach i gcostais an tionscadail. Áiríodh leis na bearta a soláthraíodh insliú áiléir, insliú balla chuasaigh, doirse, fuinneoga, coirí gáis ardéifeachtúlachta, rialúcháin téimh ar a bhfuil cianrochtain agus soilsiú ardéifeachtúlachta. Ba é an meánfheabhsúcháin BER a baineadh amach ná ó rátáil D1 go dtí B3. Bhí samhail nuálach chistithe i gceist leis an tionscadal, a soláthraíodh i gcomhar le Electric Ireland, inar iarradh ar rannpháirtithe leath luach a gcoigiltí fuinnimh a íoc thar chúig bliana chun cabhrú leis an NABCO chun tacú le tionscadail uasghrádaithe fuinnimh amach anseo.

***"Tá sé thar barr ó rinneadh anobair, is mór an difríocht a rinne sé don fhuaimdhíonadh agus don teas a choimeád istigh, táimid an-sásta leis."***

Mark, a bhfuil cónaí i Cherry Orchard



# FOILSEACHÁIN SEAI

## I measc na bpríomhthuarascálacha a foilsíodh in 2013, bhí:



## Oifigí an SEAI

Áitíonn pearsanra an SEAI 1,300 m2 de spás oifige atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, Dún Dealgan, Corcaigh agus Sligeach. Spásanna iad na hoifigí go léir atá foligthe laistigh d'fhoirgnimh níos mó.

Tugtar úsáid fuinnimh an SEAI, i measc na gceithre oifig san áireamh, sa tábla thíos:

| ÚSÁID FUINNIMH | 2013 kWh | 2013 kWh |
|---|---|---|
| **Úsáid dhíreach le haghaidh 4 oifig agus gluaisteán cuideachta** | | |
| Leictreachas, Soilsiú, TFC, Cumhacht Oifige, Téamh, Aerú agus Aerchóiriú (HVAC) | 138,403 | 168,401 |
| Gás Nádúrtha (téamh) | 52,421 | 54,225 |
| Peitreal (Toyota Prius) | 3,967 | 3,608 |
| **IOMLÁN i gcás Úsáid Dhíreach** | **194,791** | **226,234** |
| **Astuithe $CO_2$** | 72,791 | 94,192 |

Tá laghdú tagtha ar úsáid fuinnimh go príomha mar gheall ar mhéadrú cruinn ar úsáid oifig Dhún Dealgan. Anuas air sin, thug foireann fuinnimh Dhún Dealgan faoi líon gníomhartha a chuir le húsáid laghdaithe in 2013. In Iúil 2012, suiteáladh méadrú tiomanta chun billeáil chruinn a éascú agus ba í 2013 an chéad bhliain iomlán ina raibh sonraí faoi mhéadrú ar fáil. Roimhe sin, bhí an úsáid measta, bunaithe ar an achar urlár oifig a bhí áitithe.

Tá a mhacasamhail de thionscadal ar na bacáin le haghaidh oifig Bhaile Átha Cliath ag Teach Pháirc Wilton in 2014 a threiseoidh cruinneas na sonraí faoi úsáid fuinnimh níos mó agus a chumasóidh bainistíocht níos éifeachtaí fuinnimh. Dhlúthoibrigh an SEAI le Forfás agus an IDA, na heagraíochtaí eile tionónta i dTeach Pháirc Wilton, chun feabhas a chur ar fheidhmíocht an fhoirgnimh, gníomh a chuaigh chun sochair chách.



## I measc na ngníomhartha faoinar tugadh in 2013, bhí:

### OIFIG BHAILE ÁTHA CLIATH

- Uasghrádú Rialúcháin BMS – ionadaíodh gach ceann de na rialúcháin réimse (comhlaí, gníomhróirí agus braiteoirí teasa) agus na rialúcháin BMS ar na hAonaid Láimhseála Aeir
- Soilsiú – soilse lasmuigh (tuilsoilse agus an cuasán/limistéar ceannbhrait) arna nionadú le LEDanna; ionadaíodh soilse charráiste an ardaitheora le LEDanna
- Iniúchadh Oíche – curtha i gcrích agus mionghníomhartha curtha i bhfeidhm
- Caidéil – caidéal teannbhrú uisce uasghrádaithe le caidéal atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh de
- Méadair Uisce – suiteáladh trí mhéadar uisce le haghaidh bhloic A1, A2 agus na cistine leis an úsáid teouisce a dheimhniú

### OIFIG DHÚN DEALGAN

- Thug foireann fuinnimh Dhún Dealgan faoi oiliúint oibriúcháin BMS
- Cuireadh barr feabhais ar BMS ar mhaithe leis na haonaid téimh agus caiséid scoilte

### CORPARÁID AN SEAI

- Leanadh le néalríomhaireacht a oibriú, barr feabhais a chur ar an bhfreastalaí agus ar phrótacail úsáideora







## I measc na mbeart atá ar na bacáin in 2014 tá:

- Ráiteas ar éifeachtúlacht fuinnimh na Tuarascála Bliantúla a ailíniú leis an gcóras Monatóireachta agus Tuairiscithe. Is é córas M agus T uirlis tuairiscithe ar líne an SEAI le haghaidh comhlachtaí poiblí. Tá a sainchúram tuairiscithe níos fairsinge i dtaobh scóipe de ná mar atá ceanglais tuairiscithe na Tuarascála Bliantúla. Rianaíonn an córas M agus T dul chun cinn gach comhlachta phoiblí i dtreo spriocanna 2020. Tá fáil ar bhreis sonraí ag *http://www.seai.ie/Your_Business/Public_Sector/Reporting/*
- Cur leis an méadrú faoinar tugadh i nDún Dealgan
- An clár méadraithe a fhairsingiú le gach oifig den SEAI a chuimsiú
- Leanúint leis an gclár Fuinnimh MAP a chur i bhfeidhm agus comhaontú a dhéanamh ar chlár le Forfás/an IDA chun an caighdeán idirnáisiúnta bainistíochta fuinnimh, ISO50001, a bhaint amach







# RIALACHAS CORPARÁIDEACH



# RIALACHAS CORPARÁIDEACH

**Gníomhaireacht fhéinriartha is ea Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) a bunaíodh faoin Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002. Feidhmíonn an SEAI i gcomhréir le forálacha an Achta agus faoi shainchúram an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, a bhfuil sé de chumhacht aige cistí a sholáthar ionas gur féidir leis an SEAI a gcuid dualgas a chomhlíonadh, treoracha beartais ginearálta a eisiúint agus faisnéis a lorg ar ghníomhaíochtaí an SEAI.**

In Aibreán 2011, bhí an SEAI ar an gcéad eagraíocht, cibé acu poiblí nó príobháideach, ar ar bronnadh deimhniú faoi chaighdeáin SWiFT 3000 Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI), a bhaineann le Cód Cleachtais maidir le measúnú a dhéanamh ar Rialachas Corparáideach in Éirinn. Tá an cód ar an gcéad cheann dá leithéid san AE agus is iad an NSAI an chéad dream a bhronnann deimhniú ar eagraíochtaí a chomhlíonann an caighdeán riachtanach amach. Is é an cuspóir atá leis ná measúnú a dhéanamh ar chreatlacha rialachais chorparáidigh eagraíochtaí agus go sonrach an leibhéal comhlíontachta ó eagraíochtaí a bhfuil cóid rialachais agus dea-chleachtais acu. Tugadh faoi athbhreithniú breise ar chomhlíonadh riachtanais SWiFT 3000 i measc an SEAI i Márta 2013, agus bronnadh deimhniú leanúnach ar an SEAI. Leanann an SEAI, ar an ábhar sin, le caighdeáin dea-chleachtais rialachais chorparáidigh.

Cé gurb é an tAcht um Fhuinneamh Inmharthana an phríomhfhoinse rialachais chorparáidigh don SEAI, éilítear freisin ar an ngníomhaireacht cloí le raon ceanglais reachtúla (náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile. Dearbhaíonn an SEAI gur chomhlíon siad a ndualgais chun na ceanglais sin a chomhlíonadh. Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar ceanglais shonracha:

## Ceanglais ghinearálta Riaracháin agus Bheartais

Ar leibhéal náisiúnta, oibríonn an SEAI go dlúth le hoifigigh sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus i ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit eile, chun a gcuspóirí a chur chun cinn agus lena chinntiú go gcomhlíontar ceanglais reachtúla, riaracháin agus aireachta agus rialtais. Ar leibhéal áitiúil, oibríonn an SEAI le gníomhaireachtaí stáit eile agus le raon leathan eagraíochtaí áitiúla agus le hionadaithe poiblí chun beartas agus tionscnaimh fuinnimh inmharthana a fhorbairt go réamhghníomhach. Tá sé sin mar bhonn agus taca leis an gcuspóir straitéiseach náisiúnta foriomlán go mbeidh ról ceannasach ag an SEAI chun sochaí na hÉireann a threorú i dtreo sochaí a bheidh bunaithe ar struchtúir, teicneolaíochtaí agus ar chleachtais fuinnimh inmharthana. Déantar an obair agus an t-idirghníomhú sin i gcomhréir le treoracha beartais éagsúla arna n-eisiúint ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

## Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

I mí Iúil 2009, ghlac Bord an SEAI go foirmiúil leis an gCód Cleachtais leasaithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais i Meitheamh 2009. Soláthraíonn an SEAI faisnéis do chomhaltaí an Bhoird ar cheanglais an chóid agus tá raon gníomhaíochtaí, nósanna imeachta agus tionscnamh i bhfeidhm lena chinntiú go gcloífear leis an gcód. I mí Mheán Fómhair 2013, rinne Bord an SEAI athbhreithniú foirmiúil ar Chreat- Chód Rialachais an SEAI, a chuir ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit san áireamh. Tá an Creatchód Rialachais seo ar fáil ar láithreán gréasáin an SEAI: *www.seai.ie.*

I leith an chúlra sin, deimhníonn an SEAI comhlíonadh na Míreanna a leanas den Chód Cleachtais:

### MÍR 2: AN BORD

Mír 2.1: D'fhaomh Bord an SEAI Sceideal foirmiúil d'Ábhair a choimeádtar go sonrach dó chun cinneadh a dhéanamh, d'fhonn a chinntiú go mbeidh treoir agus smacht an chomhlachta faoin sainchúram docht.

Mír 2.7: Bhunaigh Bord an SEAI nósanna imeachta chun monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar choimhlintí leasa de chuid an lucht bainistíochta agus chomhaltaí an Bhoird.


Mír 2.14: Ghlac Bord an SEAI le Ráiteas Straitéise don tréimhse 2010-2015. Sheol an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha é seo an 10 Márta 2010. Tá próiseas comhsheasmhach ag an mBord chun monatóireacht a dhéanamh ar nuashonruithe ar dhul chun cinn agus ar fhorbairtí maidir le cur i bhfeidhm na straitéise seo. Tá an straitéis ar fáil ar láithreán gréasáin an SEAI: *www.seai.ie*

### MÍR 7: LUACH SAOTHAIR AN LUCHT BAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ AGUS TÁILLÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Comhlíonann an SEAI beartas an Rialtais maidir leis an luach saothair iomlán atá ag dul don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus luach saothair foirne eile i gcomhréir leis na socruithe atá leagtha amach ag an Roinn Airgeadais. Ina theannta sin, comhlíonann an SEAI na treoirlínte ina gcumhdaítear íocaíocht táillí le Cathaoirligh agus Stiúrthóirí/ comhaltaí Comhlachtaí Stáit, arna n-eisiúint ag an Aire Airgeadais.

### MÍR 8: BAINISTÍOCHT RIOSCA

Rinneadh forbairt ar bheartas cuimsitheach measúnaithe agus bainistíochta riosca san SEAI agus cheadaigh an Bord an chreatlach bhainistíochta riosca foriomlán. Tá meicníochtaí iomchuí leagtha síos ag Bord an SEAI agus ag an gCoiste lena chinntiú go bhfuil siad ag feidhmiú go hiomlán agus déanann siad monatóireacht agus athbhreithniú freisin ar a néifeachtacht.



**MÍREANNA 2.4 AGUS 10.1: CÓRAS RIALAITHE INMHEÁNAIGH AIRGEADAIS**

Cothaítear agus feidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais san SEAI. Déantar athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais go bliantúil agus is iad na hiniúchóirí inmheánacha atá fostaithe go seachtrach a rinne an t-athbhreithniú agus bhí sé sin amhlaidh i gcás 2013. Faomhann Coiste Iniúchta agus Riosca an SEAI agus an Bord an t-athbhreithniú a dhéantar ar rialuithe inmheánacha airgeadais gach bliain. Deimhnítear an t-athbhreithniú sa litir bhliantúil a sheolann an Cathaoirleach chuig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus, ina theannta sin, cuirtear ráiteas an Chathaoirligh maidir le rialuithe inmheánacha airgeadais san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil (féach leathanach 38).

**MÍR 10: AN COISTE INIÚCHTA**

- Tá Coiste Iniúchta agus Riosca bunaithe ag an SEAI a bhfuil téarmaí tagartha sonracha acu, arna gceadú ag an mBord, agus déantar iad a athbhreithniú go bliantúil.
- Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh ag an SEAI i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus tá Cairt fhoirmiúil acu atá faofa ag an mBord.

**MÍR 13: CEANGLAIS TUAIRISCITHE BHREISE**

I gcomhar le Tuarascáil Bhliantúil an SEAI, cuireann Cathaoirleach an SEAI tuarascáil/litir chuimsitheach faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ina dtéitear i ngleic leis na saincheisteanna go léir atá leagtha amach i Rannóg 13 den Chód Cleachtais.



**MÍR 15: NÓSANNA IMEACHTA UM SHOLÁTHAR**

Tá próiseas ábhartha um Sholáthar Poiblí ag an SEAI a chomhlíonann na tairseacha luacha reatha maidir le rialacha an AE agus rialacha náisiúnta a chur i bhfeidhm. Is gnáthnós imeachta é tairiscintí iomaíocha sa phróiseas soláthair seo.

**MÍR 19: COMHLÍONADH CÁNACH**

Dearbhaíonn an Cathaoirleach, sa litir ar leith a chuireann sé faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha gur chomhlíon an SEAI a ndualgais faoin dlí cánach.

## Treoirlínte maidir le Breithmheas agus Bainistíocht Tograí Caiteachais Chaipitil

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an SEAI atá bunaithe le fada chun Breithmheas agus Bainistíocht a dhéanamh ar thionscadail Chaiteachais Chaipitil a eascraíonn faoi na cláir Caipitil (deontais).

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá an SEAI tiomanta do bheartas comhionannas deiseanna. Tosaíocht bhunaithe san eagraíocht is ea comhionannas. Tá clár oibre comhionannais agus éagsúlachta forchéimnithe ag an SEAI agus feidhmíonn siad roinnt scéimeanna ina dtugtar roghanna don fhoireann maidir lena riachtanais ghairme agus phearsanta a chomhlíonadh lena náirítear saoire staidéir, cláir oideachais, srl. Éascaíonn Córas Bainistíochta agus Forbartha Pearsanta an SEAI forbairt gairme agus phearsanta freisin. Cuireann an SEAI luach ar éagsúlacht agus féachann siad chun bheith ina bhfostóir comhionannais, ina spreagtar rannchuidiú aonair agus ina gcuirtear luach ar dhifríochtaí. Tá an SEAI tiomanta do thimpeallacht chothromaithe oibre/saoil a chothú agus a fhorbairt don fhoireann go léir.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

Déanann an tAcht seo, a thagann in ionad fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1998, an dlí reatha a dhaingniú agus a nuashonrú. D'fhonn forálacha an Achta sin a chomhlíonadh, leanann an SEAI ag glacadh bearta ábhartha d'fhonn sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus cuairteora chuig a gcuid oifigí a chosaint, mar aon le feasacht laistigh dá n-oifigí a chur chun cinn. Cuimsíonn seo na hAchtanna um Shláinte Phoiblí (Tobac), 2002 agus 2004.

## Cairt Chustaiméirí

D'fhoilsigh an SEAI Cairt Chustaiméirí, ina leagtar amach a dtiomantas maidir le seirbhís ardchaighdeáin. Cuimsíonn an chairt seo nós imeachta chun déileáil le gearáin, sa chás go n-eascraíonn siad. In 2013, fuarthas 4 gearán faoin gcairt seo (atá ar fáil ar *www.seai.ie*).



## An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann an SEAI faoi théarmaí tagartha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, a tháinig i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002. Tá sé mar bheartas ag an SEAI a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go mear. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm, áfach, lena chinntiú go ndéantar ús déanach a íoc, más gá.

## An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

I gcomhréir leis na hAchtanna thuas, cuireann comhaltaí Bhord an SEAI Ráitis Leasa chomhlánaithe faoi bhráid an Rúnaí gach bliain, i gcomhréir le forálacha na nAchtanna. Anuas air sin, cloíonn comhaltaí foirne an SEAI a bhfuil poist ainmnithe acu, leis an dá Acht.

## An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003

Is comhlacht forordaithe iad an SEAI faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus comhlíonann siad go hiomlán na ceanglais atá leagtha amach sna hAchtanna. Ba cheart iarratais ar fhaisnéis faoi na hAchtanna a chur ar aghaidh chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, an SEAI, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.



## Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 agus 2004

Tá an SEAI cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Baineann cosaint sonraí le ceart bunúsach an duine chun príobháideachas a chosaint agus smacht a bheith acu ar an gcaoi a n-úsáidtear a gcuid faisnéis phearsanta.




## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tagann an SEAI faoi théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a ndearnadh dlí de an 14 Iúil 2003 chun creat reachtúil a sholáthar maidir le seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge. I gcomhréir le hAlt 10 den Acht, déantar an Tuarascáil Bhliantúil seo a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.





# RIALACHAS CORPARÁIDEACH



## Bord agus Coistí an SEAI in 2013

Oibríonn Bord an SEAI de réir prionsabail rialachais chorparáidigh an chleachtais is fearr, i gcomhréir leis na treoirlínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtais athmheasta ar Rialachas Comhlachtaí Stáit a bhí eisithe ag an Roinn Airgeadais i Meitheamh 2009. Tá próiseas insealbhaithe agus forbartha cuí agus cuimsitheach i bhfeidhm do chomhaltaí an Bhoird.

Tá an Bord freagrach as straitéis agus beartais fhairsinge a shocrú don eagraíocht. Tá siad freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais agus as próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach. Tugann siad faoi na feidhmeanna seo go díreach agus trí Choistí Boird ar leith a oibriú, i gcomhréir leis na Téarmaí Tagartha formheasta. Tá an fhreagracht as cur i bhfeidhm na mbeartas ar lucht bainistíochta feidhmiúcháin an SEAI.

Chuimsigh próiseas deimhniúcháin SWiFT 3000, a ndearnadh tagairt dó thuas, athbhreithniú cuimsitheach ar struchtúir, próisis, nósanna imeachta agus ábhar Bhord an SEAI, lenar áiríodh cloí le reachtaíocht an SEAI, Creat-Chód Rialachais an SEAI, Dearbhú Leasa ag comhaltaí an Bhoird, oibriú Choistí an Bhoird agus cloí leis an gCód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit srl. I Márta 2013, bronnadh deimhniú leanúnach ar an SEAI faoin gclár seo.

Oibríonn an Bord i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach do Bhord an Údaráis san Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002. I gcomhréir le forálacha an Achta, na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, agus an Cód Cleachtais athmheasta ar Rialachas Comhlachtaí Stáit, ní mór do chomhaltaí Boird SEAI Ráiteas Bliantúil Leasanna a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus do Rúnaí an Bhoird.

Is é an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a cheapann comhaltaí an Bhoird, le toiliú an Aire Airgeadais. Gach bliain, éiríonn an triúr comhaltaí (seachas an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach) a bhfuil an tréimhse oifige is faide curtha isteach acu ó ceapadh iad an uair dheireanach as a gcúram ar chothrom lae an bhunaithe, i gcomhréir leis an bpróiseas atá leagtha amach san Acht. Cuirtear seisiún faisnéise cuimsitheach ar fáil do chomhaltaí nua ar an ngníomhaireacht agus ar a n-oibríochtaí nuair a cheaptar iad.

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, cloíonn an SEAI gohiomlán le beartas an Rialtais ar phá na bPríomhfheidhmeannach agus fostaitheComhlachtaí Stáit agus le treoirlínte an Rialtais ar íocaíocht táillí le comhaltaí Boird.






1


2


3


4


5


6


7


8


9


10


11


12

## Bord an SEAI in 2013

1 Is é **BRENDAN HALLIGAN**, (an 1 Deireadh Fómhair 2007-an 30 Meán Fómhair 2012, athcheaptha an 1 Deireadh Fómhair 2012) comhpháirtí bainistíochta CIPA, comhairleoireacht ghnóthaí poiblí, cathaoirleach na hInstitiúide um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha, agus is comhalta boird é de Mainstream Renewable Power agus C and F Tooling Ltd. Bhí sé mar chathaoirleach ar Bhord na Móna ar feadh deich mbliana agus d'oibrigh sé i bpost comhairleora le Airtricity.

2 Is é **BRIAN T CARROLL** (an 1 Lúnasa 2010-an 25 Meitheamh 2012, athcheaptha an 26 Meitheamh 2012)) an Príomh-Oifigeach sa Rannóg Fuinnimh In-athnuaite agus Inmharthana sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR). D'oibrigh sé roimhe sin sa Rannóg Airgeadais agus Pleanála Corparáidí den DCENR agus san Aonad Measúnaithe Lárnach Caiteachais den Roinn Airgeadais. Anuas air sin, d'oibrigh sé sa Roinn Dlí agus Cirt agus sa Roinn Gnóthaí Eachtracha. Tá Máistreacht chéad onóracha bainte amach aige san Eolaíocht Eacnamaíoch ó Ollscoil na hÉireann.

3 D'oibrigh **SEAN WYSE** (ceaptha ón 1 Lúnasa 2010 – imithe ar scor an 1 Bealtaine 2013) ar feadh níos mó ná 35 bliain in BSL, áit a raibh sé ar dhuine de na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin ó 1997-2007. Is iar-chomhalta de bhord Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann é. Tá céim bainte amach aige san Innealtóireacht Leictreach ó UCD agus MBA ó Ollscoil Luimnigh.

4 Tá **JULIE O'NEILL** (ceaptha an 15 Meán Fómhair 2011 – imithe ar scor an 1 Bealtaine 2013)ina húinéir ar 'Join the Dots', comhlacht comhairleachta neamhspleách ar bhainistíocht straitéiseach. D'oibrigh sí mar Ard-Rúnaí sa Roinn Iompair ó 2002 go dtí 2009, agus d'oibrigh sí in ocht Roinn Rialtais i rith a gairmréime sa tseirbhís phoiblí. Is comhalta boird í de Ryanair, Permanent TSB agus d'Áras Nua-Ealaíne na hÉireann chomh maith (IMMA). Tá MSc bainte amach aici in Anailís Beartais ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus BComm ó UCD.

5 Is eolaí timpeallachta agus comhshaolaí cairte é **DECLAN WAUGH** (ceaptha an 29 Bealtaine 2012) a bhfuil taithí breis agus 20 bliain aige i réimse leathan comhlachtaí móra fuinnimh, tionsclaíocha, bainistíochta dramhaíola, agraithionscail agus earnála poiblí. Tá sé ina stiúrthóir bunaidh den Chomhpháirtíocht le haghaidh Athrú, ar tionscnamh athraithe aeráide agus laghdaithe carbóin é, agus de Sheirbhísí EnviroManagement, comhlacht comhairleachta timpeallachta agus inbhuanaitheachta. D'oibrigh sé roimhe seo do Ghrúpa SWS. Ba é buaiteoir Ghradam Fhóram Timpeallachta Chorcaí in 2008 as Obair Aonair as Cuimse a bheith déanta aige ar son na Timpeallachta.

6 Tá Céim Bhaitsiléara Eolaíochta i mBeartas Rialtais agus Poiblí agus Dioplóma Gairmiúil san Oideachas ag **MICHELLE GREEN** (ceaptha an 29 Bealtaine 2012), dhá cháilíocht a fuair sí ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Thosaigh sí ag oibriú in Ionad Fiontraíochta 'Macroom E' in 2010 mar Bhainisteoir Tionscadal do thionscnamh Malartaithe Acmhainní SMILE. Is tionscnamh é SMILE a thosaigh Údaráis Áitiúla, Boird Fiontar, Macroom E agus an GCC, agus spreagann sé éifeachtúlacht acmhainní i measc gnóthaí. Sula ndearna sí é seo, d'oibrigh sí i bhforbairt ceannaireachta agus in oideachas dara leibhéal.

7 Is Ollamh Comhlach Taighde agus comhordaitheoir clár um thaighde iompair, bonneagair agus timpeallachta ag an ESRI é **DR EDGAR MORGENROTH** (ceaptha an 24 Aibreán 2012 – imithe ar scor an 1 Bealtaine 2013). Is Ollamh Taca é chomh maith i gColáiste na Tríonóide,Baile Átha Cliath, agus tá sé ina chomhalta neamhspleách den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESC). Rinne sé taighde do réimse leathan cliant, lenar áiríodh Coimisiún an Aontais Eorpaigh, ranna rialtais Éireannacha agus Eorpacha, rialtas Thuaisceart Éireann, agus d'údaráis réigiúnacha agus áitiúla Éireannacha. Tá a chuid taighde foilsithe in irisí, leabhair, tuarascálacha agus caibidlí leabhair mhóra idirnáisiúntaagus tá sé tar éis ailt a scríobh d'irisí agus nuachtáin chomh maith.

8 Is stiúrthóir Cuideachta í **ANNE FARRELL** (ceaptha an 24 Aibreán 2012) sa ghnó teaghlaigh, Square Fit Ltd. Tá taithí aici ar cheisteanna fuinnimh agus inmharthanachta maidir le hiompar, e.g. idir dhramhaíl sa tionscal, bainistíocht agus athchúrsáil bonn agus úsáid mhéadaithe carranna leictreacha. D'oibrigh sí leis an Aonad Geilleagair Shóisialta de GTW (Partas anois), agus iad ag forbairt beartas maidir le bochtaineacht bhreosla agus iarfheistiú tithe le haghaidh insliú níos fearr, i measc réimsí eile gníomhaíochta. Tá fónamh déanta aici ar Bhord Ospidéal Thamhlachta. Tá céim bainte amach aici san Eacnamaíocht agus sa tSíceolaíocht ó UCD agus MA in Ilmheáin Idirghníomhacha ó DIT.

9 An Príomhfheidhmeannach (ex officio) Tá céimeanna Baitsiléara agus Máistreachta ag an **DR BRIAN MOTHERWAY** (ceaptha i mBealtaine 2012) san Innealtóireacht agus PhD sa tSocheolaíocht. Thosaigh sé ag oibriú leis an SEAI in 2006 agus ba é an Príomh-Oifigeach Oibriúchán ar a raibh freagracht fhoriomlán as oibríochtaí, feidhmíocht agus tionchair, agus pleanáil straitéiseach agus as a obair sa teicneolaíocht ghlan agus fiontraíocht. Bhí sé ina chomhairleach ar bheartas fuinnimh agus timpeallachta sula raibh sé páirteach sa SEAI.

10 Tá baint ag **MICHAEL MCGARRY** (ceaptha an 14 Bealtaine 2013) faoi láthair i dtógáil agus i gcomhairleacht thar lear i soláthar seirbhísí innealtóireachta. Ba é an Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ag Suir Engineering (Imtec Suir anois) roimhe seo agus d'oibrigh sé i gCorparáid Kentz i gCluain Meala mar Stiúrthóir Airgeadais. Ina ról, chaith sé roinnt mhaith ama thar lear ar thús a chur le hoibríochtaí i dtíortha éagsúla agus i mbainistíocht a dhéanamh orthu seo ina dhiaidh sin. Ar a bharr sin, chaith sé roinnt ama sa RA ag plé le tógáil chónaithe. Tá céim BComm bainte amach aige ó UCD (1971) agus bhain sé cáilíocht amach mar Chuntasóir Cairte le KPMG i 1975.

11 Is é **PAT GILROY** (ceaptha an 14 Bealtaine 2013) an Stiúrthóir Bainistíochta ó 2005 i leith ar Dalkia, rannóg Fuinnimh Veolia Environment in Éirinn. Céimí Innealtóireachta é ó Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide. Bhí róil aige roimhe seo in BSL, Amdahl Ireland Ltd agus in EEL FM Ltd, sular stiúir sé FP2, ar díoladh é le Dalkia in 2001. Soláthraíonn taithí Pat san earnáil fuinnimh agus sa chuideachta den chéad scoth i seirbhísí comhshaoil léargas tábhachtach ina ról mar Rúnaí leis an Institiúid um Fhuinneamh in Éirinn. Anuas air sin, is comhalta é Pat de Chomhairle Náisiúnta an IBEC agus tá sé ag cur le Coiste Comhairleach, faoi láthair, ar Phoist sa Gheilleagar Glas.

12 Is í **ANNE CONNOLLY** atá i gceannas ar thosú Mhalairt um Aosú Cliste na hÉireann (ISAX), tionscnamh nua atá dírithe ar phoist agus easpórtálacha a chruthú sa mhargadh domhanda tomhaltóirí níos aosta a bhfuil borradh mear ag teacht air. Leanann seo an ról a bhí aici (2006-2013) mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Líonra um Aosú Folláin, meitheal machnaimh neamhspleách ardleibhéal agus catalaíoch le haghaidh athrú sóisialta. Roimhe seo, bhí a cleachtas féin comhairleacht bhainistíochta á reáchtáil aici ar feadh 12 bhliain, agus í ag oibriú le heagraíochtaí poiblí, príobháideacha agus deonacha agus a bpleananna straitéiseacha á bhforbairt agus cláir athraithe á gcur i bhfeidhm acu. I measc na bpost eile neamhfheidhmiúcháin Bhoird a bhí aici bhí An Post, RHD VHA, Cuideachta Damhsa Fabulous Beast, Banc ICC agus APSO. Iar-Chathaoirleach í de Chlann Shíomóin na hÉireann.

## Coistí an Bhoird in 2013

### AN COISTE INIÚCHTA AGUS RIOSCA

Tacaíonn an Coiste seo leis an mBord i gcur i gcrích a bhfreagrachtaí dlí agus cuntasaíochta; déanann siad cumarsáid le hiniúchóirí seachtracha, agus déanann siad measúnú agus rialú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh; déanann siad athbhreithniú ar phleanáil airgeadais, an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais, an próiseas bainistíochta agus measúnaithe rioscaí, lena n-áirítear clár rioscaí an SEAI, agus déanann siad maoirseacht ar shocruithe buiséadta agus baincéireachta chomh maith. Tionóladh ocht gcruinniú den Choiste in 2013.

#### Comhaltaí

**Sean Wyse** (Cathaoirleach ceaptha ar 30 Bealtaine 2012)

**Connie Kelleher** (comhalta seachtrach, ceaptha ar 2 Meitheamh 2010, imithe ar scor ar 29 Bhealtaine 2013)

**Brian T Carroll** (ceaptha an 25 Bealtaine 2011)

**Edgar Morgenroth** (ceaptha an 30 Meán Fómhair 2012)

**Gerry Donnelly** (comhalta seachtrach, ceaptha an 29 Bealtaine 2013)

**Nóta: Ceapadh Anne Farrell leis an gCoiste i bhFeabhra 2014**





### AN COISTE LUACH SAOTHAIR

Tá an Coiste seo freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha an Phríomhfheidhmeannaigh, de réir na dtreoirlínte atá bunaithe ag an Rialtas, agus dearbhú, athbhreithniú agus moladh a dhéanamh don Bhord maidir le híocaíocht bhónais ar bith leis an bPríomhfheidhmeannach a bhaineann le feidhmíocht. Chomh maith leis sin, pé áit ar infheidhme, déanann an Coiste faomhadh ar Phlean Gníomhaíochta an Údaráis maidir le Comhaontuithe Earnála Poiblí.

#### Members

**Brendan Halligan** (Cathaoirleach ceaptha ar 9 Deireadh Fómhair 2007)

**Brian T Carroll** (ceaptha an 8 Nollaig 2010)

**Julie O'Neill** (ceaptha an 30 Eanáir 2013)



## Freastal/Táillí an Bhoird

| Comhalta Boird | Nótaí | Táillí € | Freastal an Bhoird (10 chruinniú ar bun in 2012) | Freastal an Choiste Iniúchta agus Riosca (8 gcruinniú ar bun in 2013) |
|---|---|---|---|---|
| Brendan Halligan | Cathaoirleach | 11,970 | 9 as 10 | N/B |
| Julie O'Neill | Ceaptha mar Chomhalta Sinsearach Neamhspleách an Bhoird i Meán Fómhair 2012 | 7,695 | 8 as 10 | N/B |
| Brian T Carroll | Comhalta an Choiste Iniúchta agus Riosca | NEAMHNÍ | 5 as 10 | 2 as 8 |
| Sean Wyse | Cathaoirleach, an Coiste Iniúchta agus Riosca | 2,593 | 5 as 5 | 8 asf 8 |
| Edgar Morgenroth | Ceaptha an 24 Aibreán Comhalta an Choiste Iniúchta agus Riosca | NEAMHNÍ | 9 as10 | 8 as 8 |
| Anne Farrell | Ceaptha an 24 Aibreán 2012 | 7,695 | 10 as 10 | N/B |
| Michelle Green | Ceaptha an 29 Bealtaine 2012 | 7,695 | 8 as10 | N/B |
| Declan Waugh | Ceaptha an 29 Bealtaine 2012 | 7,695 | 9 as 10 | N/B |
| Brian Motherway (CEO) | Ceaptha an 22 Bealtaine 2012 | NEAMHNÍ | 10 as 10 | N/B |
| Pat Gilroy | Ceaptha an 14 Bealtaine 2013 | 4,879 | 5 as 5 | N/B |
| Anne Connolly | Ceaptha an 2 Bealtaine 2013 | 5,102 | 3 as 5 | N/B |
| Michael McGarry | Ceaptha an 14 Bealtaine 2013 | 4,879 | 5 as 5 | N/B |



## Costais an Bhoird

B'ionann na costais iomlána a íocadh le comhaltaí Bhord an SEAI in 2013 agus €2,642, ina raibh an méid a leanas:

| Costais | € |
|---|---|
| Míleáiste | 105 |
| Taisteal, cóiríocht agus cothabháil | 2,537 |

## Tuarastail an Phríomhfheidhmeannaigh

Féach Nóta 4.1 leis na Ráitis Airgeadais.



# RÁITIS AIRGEADAIS



## An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird
Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2013

Bunaíodh Údarás Fuinnimh Inmharthana (SEAI) (ar ar tugadh Fuinneamh Inmharthana Éireann) faoin Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 agus tá siad ar an bhfód ón 1 Bealtaine 2002 i leith.

Ceanglaíonn Alt 24(2) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 ar an Údarás chun ráitis airgeadais a réiteach i cibé formáid a cheadóidh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le toiliú an Aire Airgeadais.

Agus na ráitis siúd airgeadais á réiteach, ceanglaítear an méid a leanas ar an mBord:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an tÚdarás i mbun feidhme.
- A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád ina nochtar, le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a gcumas acu a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002. Anuas air sin, tá an Bord freagrach as gach sócmhainn faoina rialú oibríochtúil a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh, ar an ábhar sin, chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc nó a bhrath.

Sínithe thar cheann an Bhoird

**Brendan Halligan**
An Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
*20 Meitheamh 2014*

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA HÉIREANN

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 faoin Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach iontu, an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán, an clár comhardaithe agus an ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí bainteacha. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a forordaíodh faoi alt 24 den Acht agus i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.

### FREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Tá an tÚdarás freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, lena chinntiú go dtugtar léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí an Údaráis agus ar a n-ioncam agus caiteachas, agus le rialtacht idirbheartaíochtaí a chinntiú.

### FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Tugaimse faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta lena mbaineann comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tugaimse faoi m'iniúchadh de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an RA agus Éire) mar aon le Caighdeáin Eitice an Bhoird Chleachtas Iniúchóireachta d'Iniúchóirí a chomhlíonadh.

### SCÓIP INIÚCHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Is éard a bhaineann le hiniúchadh, fianaise a fháil faoi shuimeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad lena chinntiú go réasúnta nach ann d'aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar an méid a leanas:

- cibé acu an cuí nach cuí do na beartais chuntasaíochta do chúinsí an Údaráis, agus cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus cibé acu ar nochtadh nó nár nochtadh iad go cuí
- réasúntacht na mórmheastachán cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, tugaim faoi fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Sa mhullach air sin, déanaim tuarascáil bhliantúil an Údaráis a léamh le haon mhíréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais ar a ndearnadh iniúchadh a shainaithint. Déanaimid breithniú ar na himpleachtaí dár dtuarascáil má thugaimid faoi deara aon mhíráiteas nó aon neamh-chomhsheasmhacht ábhartha.

# RÁITIS AIRGEADAIS

## TUAIRIM FAOI NA RÁITIS AIRGEADAIS

I mo thuairim, tugtar seasamh fíor agus cóir ar staid ghnóthaí an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2013 agus ar a gcuid ioncaim agus caiteachais le haghaidh na bliana 2013 sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.

Is í mo thuairim gur choimeád an tÚdarás leabhair chuí chuntasaíochta. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

## ÁBHAIR AR A DTUAIRISCÍM TRÍ EISCEACHT

Déanaim tuairisciú trí eisceacht sna cásanna a leanas:

- Mura bhfuair mé an uile fhaisnéis agus mhíniúchán a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- thug mé aon chás ábhartha faoi deara i m'iniúchadh nár caitheadh airgead chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbheartaíochtaí i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- níl an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó
- ní léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Údaráis an Chóid Iompair le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- tugaim faoi deara gurb ann d'ábhair eile lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

## RIALÚ AR ÍOCAÍOCHTAÍ DEONTAIS

Nochtann an ráiteas ar rialuithe inmheánacha airgeadais an dul chun cinn maidir le himscrúdú a dhéanamh ar neamhrialtachtaí i dtaca le héilimh a rinneadh faoi na Scéimeanna Tithe Fuinnimh Níos Fearr agus Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo, agus leagtar amach ann na bearta atá á nglacadh ag an Údarás mar fhreagairt dóibh. Áirítear leo seo rialuithe a threisiú, bearta a ghlacadh chun suimeanna a aisghabhail nó chun tús a chur le himeachtaí dlíthiúla.

**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Cistel
*Meitheamh 2014*

# An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar cheann Bhord Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, aithním ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta go cuí agus go gcuirtear iad i dtaifead i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad go tráthúil.

**PRÍOMHNÓSANNA IMEACHTA RIALAITHE**

Ghlac an Bord le bearta le timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú trí fhreagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir, lena n-áirítear teipeanna móra rialaithe a thuairisciú agus gníomh cuí ceartaithe a chinntiú.

Bhunaigh an Bord próisis agus cleachtais le rioscaí gnó a shainaithint agus le measúnú a dhéanamh orthu tríd an méid a leanas:

- cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a shainaithint atá roimh an eagraíocht;
- measúnú a dhéanamh ar an gcosúlacht go dtarlódh na rioscaí a sainaithníodh;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an chomhlachta chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú.

Amhail a nochtar i ráitis airgeadais 2011 agus 2012, le linn 2012, shainaithin an tÚdarás líon neamhrialtachtaí a bhain le conraitheoir amháin faoin Scéim Tithe Fuinnimh Níos Fearr. Chuir bainistíocht an SEAI an Bord, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, na Gardaí agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna (DCENR) ar an eolas faoin mírialtacht. Tá imscrúdú na nGardaí ar bun go fóill agus d'eisigh comhairleoirí dlí an SEAI litir éilimh ar aisíocaíocht an deontais. Anuas air sin, chuir an tÚdarás tús le himeachtaí dlíthiúla. Rinneadh an conraitheoir a dhíchlárú ón scéim agus cuireadh gach íocaíocht ghaolmhar ar fionraí. Amhail an 31 Nollaig 2013, b'ionann an tsuim iomlán atá á himscrúdú agus €513,935. Tháinig laghdú €10,165 air seo ón mbliain roimhe mar gheall ar aisghabháil cistí. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an figiúr seo faoi réir leasú anuas ar feitheamh cur i gcrích imeachtaí dlí agus aisghabháil na gcistí. Féach Nóta 5.4 leis na Ráitis Airgeadais.

Thug iniúchadh inmheánach an DCENR faoi athbhreithniú fairsing ar na Scéimeanna Tithe Fuinnimh Níos Fearr agus d'eascair líon moltaí astu siúd. Eisíodh an tuarascáil iniúchta seo i bhFeabhra 2012. Chuir Iniúchadh Inmheánach an DCENR athbhreithniú leantach i gcrích thar ceann Choiste Iniúchta agus Riosca an SEAI. Bhí sé ina chonclúid ag an athbhreithniú leantach seo gur baineadh dul chun cinn suntasach amach i gcur i bhfeidhm na moltaí. Eisíodh an tuarascáil leantach in Eanáir 2013. Tá líon de na moltaí a cuireadh i bhfeidhm bunaithe ar chur chuige rioscabhunaithe i leith roghnú cigireachta agus cumhdach uasta 10% á bhaint amach i measc gach conraitheora. Rinne na hathruithe seo breis neartú ar rialúcháin na Scéime Fuinnimh Níos Fearr.

Is é an líon iomlán na ndeontas arna n-eisiúint ó cuireadh tús leis an Scéim Tithe Fuinneamh Níos Fearr go 31 Nollaig 2013 158,648. Amhail dheireadh 2013, bhí an tÚdarás ag dul sa tóir ar aisíocaíocht 188 deontas ar luach €189,069, a d'eascair ó sháruithe ar théarmaí agus coinníollacha Scéim Tithe Fuinnimh Níos Fearr (gan na huimhreacha san áireamh san imscrúdú atá leagtha amach san alt thuas). Rinneadh 52 de na cásanna seo a chur faoi bhráid Bhiúró um Imscrúdú Calaoise an Gharda Síochána.

In 2012, chuaigh Eagraíocht Phobalbhunaithe (CBO) a raibh comhaontú deontais acu leis an SEAI, chun glacadóireachta. Fuair an CBO suim €134,904 ón SEAI a bhain le huasghrádú tithe a bhí thíos le bochtaineacht bhreosla. Ní dhearnadh na tithe seo a uasghrádú. Chuir an tÚdarás Biúró um Imscrúdú Calaoise an Gharda Síochána ar an eolas. D'éirigh leis an Údarás lian a bhaint amach ar mhaoin a bhí faoi úinéireacht an CBO agus cheap siad glacadóir chun an mhaoin a dhíol chun na cistí a bhí le híoc a aisghabháil. Díoladh an mhaoin i Meán Fómhair 2013 agus b'ionann an glanchaillteanas don SEAI agus €7,109. Féach Nóta 5.1 de na ráitis airgeadais.

# RÁITIS AIRGEADAIS

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasaíochta. Áirítear leis, go sonrach:

- córas cuimsitheach buiséadta ag a bhfuil buiséad bliantúil a ndéanann an Bord comhaontú agus athbhreithniú air;
- athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha;
- spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas.

Déantar feidhm iniúchta inmheánaigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a chonrú le gnóthas cuntasóirí. Cuireann anailís ar na rioscaí a bhfuil an t-údarás nochta dóibh faisnéis ar fáil don phlean bliantúil iniúchta inmheánaigh. Tá an cur chuige seo arna fhormhuiniú ag an gCoiste iniúchta agus tá sé faofa ag an mBord. Faomhann an coiste iniúchta Plean bliantúil Iniúchta Inmheánaigh. Soláthraíonn na hiniúchóirí inmheánacha tuarascálacha don Choiste ar thascanna faoinar tugadh. Tugann na tuarascálacha seo chun solais easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sa chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Déanann Coiste inmheánach Calaoise Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann athbhreithniú agus stiúradh ar ghníomhartha ar gach saincheist de chalaois fhéideartha a shainaithnítear trí nósanna imeachta, próisis iniúchta agus cigireachta na scéime agus trí Phrótacal Aonad Cigireachta an SEAI. Is éard atá sa Choiste Calaoise Bainisteoirí trasfheidhmeacha a dhéanann athbhreithniú ar gach eisceacht nó buairt a shainaithnítear mar riosca féideartha nó neamhchomhlíonadh suntasach agus a sholáthraíonn treoir agus tacaíocht phras agus oibiachtúil do bhainistíocht líne agus na rioscaí seo á maolú.

Rinne an Bord monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais agus aird ar na tuarascálacha agus an obair faoinar thug an bhainistíocht, nuashonruithe ar na beartais agus nósanna imeachta, an Coiste Iniúchta agus Riosca agus na hiniúchóirí inmheánacha, mar aon leis an bpróiseas bainistíochta riosca ata i bhfeidhm faoi láthair ag an eagraíocht.

## ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL AR RIALUITHE

Dearbhaím, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013, gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha airgeadais.

Sínithe thar cheann an Bhoird



**Brendan Halligan**
An Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
*20 Meitheamh 2014*

# An Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta
Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2013

### (A) TRÉIMHSE NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cumhdaíonn na ráitis airgeadais an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2013.

### (B) BONN AN RÉITIGH

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe, seachas nuair a luaitear a mhalairt thíos. Ullmhaítear iad i gcomhréir leis an gCleachtas Cuntasaíochta lena bhfuil Glacadh Ginearálta, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus san fhormáid a d'fhaomh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Glactar leis na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais arna nglacadh na ag comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta, faoi mar a bhíonn siad infheidhme. Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na ráitis airgeadais ainmnithe.

### (C) DEONTAIS STÁIT

Léiríonn Deontais Stáit agus Ioncam Ceardlainne a léirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an tsuim a fuarthas sa bhliain.

### (D) CEANGALTAIS DEONTAIS

Aithnítear Ceangaltais Deontais mar chaiteachas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais nuair a comhlíonadh gach coinníoll a bhaineann leis an deontas nó le híocaíocht chéimnithe de.

### (E) SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

Luaitear sócmhainní seasta ar costas lúide dímheas carnach. Déantar dímheas a ríomh ar bhonn líne dhíreach d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolré ionchais mheasta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Mótarfheithiclí | 20% |
| Daingneáin agus Feistis | 33.33% |
| Trealamh agus Bogearraí TF | 33.33% |
| Trealamh Oifige | 33.33% |
| Clár Ocean | 33.33% |

Dímheastar go hiomlán sócmhainní ar a bhfuil luach níos lú ná €1,000 i mbliain na fála. Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na fála; ní ghearrtar dímheas i mbliain na diúscartha.

Dímheastar Costais Feistithe thar théarma an léasa.

### (F) AOISLIÚNTAS

Forálann Alt 17 den Acht um Fhuinneamh, 2002 do bhunú scéimeanna aoisliúntais ag an Údarás. Scéim sochair shainithe atá sa scéim chun críocha Acht na bPinsean, 1990.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a aisíoctar leis an Roinn i gcomhréir le socruithe maoinithe gníomhaireachta. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé in-aisghnóthaithe ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus go ndéanann deontais a fuarthas sa bhliain é a sheach-chur chun íocaíochtaí pinsin a dhíscaoileadh. Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanais na scéime sa Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá in-aisghnóthaithe ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Léiríonn cistiú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

### (G) CUNTAS CAIPITIL

Léiríonn an Cuntas Caipitiúil an tsuim neamhamúchta ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

### (H) LÉASANNA

Gearrtar íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a bhíonn siad dlite

### (I) AN TREOIR MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT FUINNIMH FOIRGNEAMH (EPBD)

Gineann an tÚdarás ioncam EPBD faoin scéim um Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) (I.R. Uimh. 243 de 2012, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2012, ar déileáladh leis roimhe seo faoi I.R. Uimh. 666 de 2006, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2006 (arna leasú). Faoin reachtaíocht, ní mór d'úinéir foirgnimh Deimhniú BER a sholáthar mar aon le Tuarascáil Chomhairleach do cheannaitheoirí ionchasacha nuair atá foirgneamh á thógáil, á dhíol nó á ligean ar cíos. Tá roinnt táillí iníoctha maidir le BER, lena n-áirítear táille nuair a chláraítear measúnóir agus tobhach maidir le gach measúnacht BER a sheoltar ar aghaidh sa tréimhse chuig an Údarás ar mhaithe le Deimhniú BER a eisiúint. Cuirtear ioncam EPBD i gcuntas ar bhonn fabhruithe.

# An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
## don Bhliain dar Críoch An 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | **€'000** | **€'000** |
| Deontais Stáit | 1 | 66,939 | 81,120 |
| Rátáil Fuinnimh Foirgneamh | 7 | 3,064 | 2,206 |
| Ioncam ó Chonradh an AE | 2 | 201 | 121 |
| Ioncam Eile | 3 | 247 | 728 |
| Glanchistiú Iarchurtha le haghaidh Pinsean sa bhliain | 13(c) | 1,322 | 1,198 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin a aisíocadh leis an DCENR | 4.1 | (198) | (224) |
| Glanaistriú ón gCuntas Caipitiúil | 11 | 174 | 285 |
| **Ioncam Iomlán** | | **71,749** | **85,434** |
| | | | |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Caiteachas Riaracháin | 4 | 8,386 | 8,553 |
| Caiteachas Cláir | 5 | 58,608 | 78,938 |
| Rátáil Fuinnimh Foirgneamh | 7 | 1,988 | 1,847 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **68,982** | **89,338** |
| | | | |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh leithghabháil** | | **2,767** | **(3,904)** |
| **Leithghabhálacha**<br>Íocaíochtaí leis an Státchiste | 6 | (548) | (352) |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain i ndiaidh leithghabhálacha** | | **2,219** | **(4,256)** |
| **(Easnamh)/Barrachas amhail an 1 Eanáir** | | (722) | 3,534 |
| **Barrachas/(Easnamh) amhail an 31 Nollaig** | | **1,497** | **(722)** |

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 20 cuid de na ráitis airgeadais seo.

**Brendan Halligan**
An Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
*20 Meitheamh 2014*

**Dr. Brian Motherway**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
*20 Meitheamh 2014*

# Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán

## Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain | | 2,219 | (4,256) |
| Gnóthachain ó Thaithí ar Dhliteanais na Scéime Pinsin | | 1,688 | 436 |
| Athruithe ar Thoimhdí faoi luach reatha Dhliteanais na Scéime Pinsin | | - | (4,377) |
| Caillteanas/Gnóthachan ar Dhliteanais Phinsin | 13 | 1,688 | (3,941) |
| Coigeartú an Chistithe Iarchurtha Pinsin | 13 | (1,688) | 3,941 |
| **Brabús/(Caillteanas) Aitheanta Iomlán don Bhliain** | | **2,219** | **(4,256)** |

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 20 cuid de na ráitis airgeadais seo.

**Brendan Halligan**
An Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
*20 Meitheamh 2014*

**Dr. Brian Motherway**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
*20 Meitheamh 2014*

# Clár Comhardaithe

## amhail an 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | **€'000** | **€'000** |
| **Sócmhainní Seasta Inláimhsithe** | 8 | **269** | **443** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc | 12 | 7,133 | 4,096 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 9 | 865 | 1,336 |
| | | **7,998** | **5,432** |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 10 | (6,501) | (6,154) |
| **Glansócmhainní Reatha/(Dliteanais)** | | **1,497** | **(722)** |
| Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha | 13 | 16,478 | 16,844 |
| Dliteanas Pinsin | 13 | (16,478) | (16,844) |
| **Glansócmhainní (Dliteanais) Iomlána** | | **1,766** | **(279)** |
| Maoinithe ag: | | | |
| An Cuntas Caipitil | 11 | 269 | 443 |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 1,497 | (722) |
| | | **1,766** | **(279)** |

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 20 cuid de na ráitis airgeadais seo.

**Brendan Halligan**
An Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
*20 Meitheamh 2014*

**Dr. Brian Motherway**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
*20 Meitheamh 2014*

# An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid
## don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain** | 2,219 | (4,256) |
| Aistriú ón gCuntas Caipitiúil | (174) | (285) |
| Ús Bainc | (3) | (1) |
| Muirear Dímheasa | 361 | 467 |
| Laghdú/(Méadú) ar na Cuntais atá infhaighte | 471 | (621) |
| (Méadú)/Laghdú ar Chuntais iníoctha | (16) | 465 |
| **Glansreabhadh Airgid ó Oibriúcháin** | 2,858 | (4,231) |
| | | |
| **AN RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID** | | |
| **Glansreabhadh Airgid ó Oibriúcháin** | 2,858 | (4,231) |
| | | |
| **Torthaí ar Infheistíocht agus ar Sheirbhísiú Airgeadais** | | |
| Ús Bainc | 3 | 1 |
| **Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachas Caipitil** | 2,861 | (4,230) |
| Sócmhainní Seasta a Cheannach | (188) | (182) |
| Méadú/(Laghdú) ar Airgead | 2,673 | (4,412) |
| **Réiteach an Mhéadaithe/(an Laghdaithe) ar Airgead i leith Airgid sa Bhanc** | | |
| Gluaiseacht in Airgead don Bhliain | 2,673 | (4,412) |
| An Banc amhail an 1 Eanáir | 692 | 5,104 |
| **An Banc amhail an 31 Nollaig (Nóta 12)** | **3,365** | **692** |

Ní áirítear leis an iarmhéid €3,365,271 suim €3,768,039 atá á coimeád i gcuntas bainc ar leith a bhaineann le tionscadal Iomlánaíoch 2020 Dhún Dealgan (Dundalk 2020 Holistic project).

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 20 cuid de na ráitis airgeadais seo.

**Brendan Halligan**
An Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
*20 Meitheamh 2014*

**Dr. Brian Motherway**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
*20 Meitheamh 2014*

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2013

## 1. DEONTAIS STÁIT

Faoi Alt 22(1) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 soláthraíonn an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha cistiú don Údarás chun tabhairt faoina gcuid feidhmeanna.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Ainm an Chláir** | | |
| C3: Riarachán an SEAI | | |
| - Reatha | 6,988 | 7,155 |
| C4: Cláir Fuinnimh Inmharthana | | |
| - Reatha | 7,455 | 6,957 |
| -Caipiteal | 49,447 | 66,119 |
| C5: Cláir Thaighde Fuinnimh | | |
| - Reatha | 1,214 | 1,389 |
| - Caipiteal | 1,835 | 2,320 |
| Caiteachas Cláir Iomlán | 66,939 | 83,940 |
| Lúide Cistí an EPBD a aisíocadh leis an Roinn | - | (2,820) |
| | **66,939** | **81,120** |

Déanann an Roinn Fuinnimh, Cumarsáide agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) gach clár a chistiú go hiomlán.

Fuair an SEAI cistiú €3,200,000 idir 2007 agus 2009 ón DCENR d'fhonn an scéim Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) a bhunú. Le linn 2012, aisíocadh suim €2,820,305 leis an Roinn ó chistí a ghin an scéim. Aisíocadh fuílleach an iarmhéid, €379,695, leis an Roinn in 2014.

## 2. IONCAM Ó CHONRADH AN AE

Ó ghníomhaíochtaí iad na cistí ó chonarthaí AE ar fiú €200,639 iad (2012: €121,272) ó ghníomhaíochtaí in Éifeachtúlacht Fuinnimh agus i bhFuinneamh In-Athnuaite, lena n-áirítear cur chun cinn na teicneolaíochta, scaipeadh faisnéise, taighde agus comhordú imeachta agus bainistíocht. Aisíoctar na cistí seo ar ais leis an DCENR.

## 3. IONCAM EILE

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Ioncam Ceardlainne | 64 | 78 |
| Urraíocht do na Gradaim Éifeachtúlachta Fuinnimh | 45 | 30 |
| Ús Bainc | 3 | 2 |
| Ioncam Eile | 135 | 40 |
| Comhdháil Idirnáisiúnta ar Ioncam ó Fhuinneamh an Aigéin | - | 578 |
| | **247** | **728** |

Is ionann ioncam eile agus fáltais ó chúrsaí agus fáltais ó urraíocht. Déanann an SEAI an Taispeántas bliantúil Fuinnimh a reáchtáil chomh maith. In 2012, rinne an SEAI an Chomhdháil Idirnáisiúnta ar Fhuinneamh Aigéin (ICOE) a chomhordú.

### 4. CAITEACHAS RIARACHÁIN

Tá na hearraí a leanas i gceist le Caiteachas Riaracháin:

| | Nótaí | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Tuarastail agus muirir ghaolmhara | 4.1 | 4,223 | 4,605 |
| Costais phinsin | 13 | 1,412 | 1,132 |
| Earcú, Oiliúint agus Oideachas | 4.2 | 72 | 53 |
| Fógraíocht agus Cur chun Cinn | 4.3 | 293 | 306 |
| Táillí Ginearálta Comhairleoireachta agus Gairmeach | 4.4 | 292 | 389 |
| Riarachán Ginearálta | 4.5 | 2,094 | 2,068 |
| | | **8,386** | **8,553** |

### 4.1 TUARASTAIL AGUS MUIRIR GHAOLMHARA

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Tuarastail | | 3,349 | 3,837 |
| ÁSPC Fostóra | | 321 | 371 |
| Foireann Ghníomhaireachta/Chonartha | | 378 | 202 |
| Luach Saothair Chomhaltaí Boird | 16 | 175 | 195 |
| | | **4,223** | **4,605** |

Asbhaineann an tÚdarás ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe a aisíoctar leis an Roinn Fuinnimh, Cumarsáide agus Acmhainní Nádúrtha. San áireamh i gcostas na dtuarastal tá €197,529 (2012: €224,289) maidir le ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe. Ní cheanglaítear ar an Údarás ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh leis an scéim.

**Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh**

D'iontráil an POF reatha i gconradh fostaíochta leis an SEAI an 1 Bealtaine 2012. Ní áirítear le conradh fostaíochta don POF Scéim Luaíochtaí Feidhmíochtbhunaithe. B'ionann luach iomlán luach saothair an POF in 2013 agus €115,261 (2012: €79,348) agus cuirtear san áireamh é i luachanna saothair Chomhaltaí Boird thuas.

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an POF na teidlíochtaí caighdeánacha a shonraítear i scéim shamhlach aoisliúntais shochair shainithe de chuid na hearnála poiblí. B'ionann costais an POF le haghaidh 2013 agus €2,511 (2012: €1,245 – ónar ceapadh é an 1 Bealtaine)

Chuaigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) deireanach den SEAI ar scor an 30 Aibreán 2012.

B'ionann luach iomlán luach saothair an POF deiridh in 2012 agus €60,954 agus cuirtear san áireamh é i luachanna saothair Chomhaltaí Boird thuas.

**Tobhach Pinsin**

Asbhaineadh €250,238 (2012: €287,651) de thobhach pinsin ó thuarastail agus íocadh é leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le linn na bliana.

**Táillí Boird**

Nochtar táillí boird i Nóta 16.

### 4.2 EARCAÍOCHT, OILIÚINT AGUS OIDEACHAS

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Oiliúint agus Earcaíocht Foirne | 58 | 42 |
| Suibscríbhinní agus Foilseacháin Foirne | 14 | 11 |
| | **72** | **53** |

### 4.3 FÓGRAÍOCHT AGUS CUR CHUN CINN

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Costais Fógraíochta | 3 | 4 |
| Cló agus Dearadh | 47 | 61 |
| Urraíocht | 15 | 22 |
| Cumarsáid agus Caidreamh Poiblí<br>Ábhair Cheardlainne agus Costais | 146 | 136 |
| Imeachtaí | 39 | 47 |
| Gníomhaíochtaí Ginearálta um Chur chun Cinn | - | 1 |
| Cothabháil agus Forbairt an Láithreáin Ghréasáin | 43 | 35 |
| | **293** | **306** |

### 4.4 TÁILLÍ GINEARÁLTA COMHAIRLEOIREACHTA AGUS GAIRMEACH

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Forbairt Eagraíochtúil | - | 23 |
| Feachtas Fógraíochta Tionscail agus Coire | - | 181 |
| Clár na scoileanna | 231 | 118 |
| Táillí Rúnaíochta na Cuideachta | 61 | 67 |
| | **292** | **389** |

# RÁITIS AIRGEADAIS



## 4.5 RIARACHÁN GINEARÁLTA

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Cíos, Rátaí agus Muirir Sheirbhíse | 672 | 711 |
| Taisteal agus Cothabháil | | |
| - an Fhoireann | 10 | 15 |
| - an Bord | 3 | 7 |
| Caiteachas Ginearálta TF | 18 | 11 |
| Cothabháil TF | 177 | 167 |
| Forbairt Córais TF | 265 | 94 |
| Ceadúnais TF | 59 | 21 |
| Tomhaltáin TF | 35 | 38 |
| Deasc Chabhrach TF | 103 | 110 |
| Dímheas | 361 | 467 |
| Táillí iniúchta | | |
| - seachtrach | 31 | 23 |
| - inmheánach | 61 | 91 |
| Árachas agus Dleathach | 53 | 56 |
| Línte Gutháin agus Sonraí | 107 | 114 |
| Páipéarachas | 15 | 11 |
| Caiteachas a bhain leis an bhfoireann[1] | 3 | 3 |
| Eile | 121 | 129 |
| | **2,094** | **2,068** |

[1] San áireamh i gcaiteachas a bhaineann le baill foirne do 2013 tá suim de € 2,129 (2012: € 1,825) a bhaineann le ranníocaíocht an SEAI go dtí an fhoireann ócáid na Nollag. Foireann rannchuidiú freisin leis an ócáid seo.

## 5. CAITEACHAS CLÁIR

Tá na míreanna a leanas i gceist le caiteachas cláir:

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Éifeachtúlacht Fuinnimh** | | | |
| Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo | 5.1 | 18,277 | 21,453 |
| Tithe Níos Teo Ceantarbhunaithe | 5.2 | 7,038 | 4,113 |
| Clár Tionscail agus Gnó | 5.3 | 1,522 | 1,319 |
| Tithe Fuinnimh Níos Fearr | 5.4 | 15,668 | 31,837 |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí | 5.5 | 1,145 | 965 |
| Ionaid Oibre Fuinnimh Níos Fearr | 5.6 | 1,927 | 11,539 |
| Foirgnimh Ardfheidhmíochta | 5.7 | - | 54 |
| Clár Forbartha Aisfheistithe | 5.8 | 329 | 245 |
| Pobail Fuinnimh Níos Fearr | 5.9 | 7,958 | 1,793 |
| Méadrú Cliste Fuinnimh Níos Fearr | 5.10 | 198 | - |
| Maoiniú Fuinnimh Níos Fearr | 5.11 | 502 | - |
| **Fuinneamh In-Athnuaite** | | | |
| Taighde, Forbairt agus Taispeáint Fuinnimh In-Athnuaite | 5.12 | 1,079 | 953 |
| Fuinneamh Aigéin | 5.13 | 1,862 | 2,554 |
| ICOE | 5.14 | - | 478 |
| **Nuálaíocht agus Comhtháthú** | | | |
| Faisnéis ar Fhuinneamh In-Athnuaite | 5.15 | 49 | 63 |
| Pobail Fuinnimh Inmharthana | 5.16 | 85 | 113 |
| Staitisticí agus Samhaltú Fuinnimh | 5.17 | 599 | 539 |
| Feithiclí Leictreacha | 5.18 | 370 | 920 |
| | | **58,608** | **78,938** |

Áirítear gach costas riaracháin a bhaineann go díreach le caiteachas cláir sna costais chláir thuas.

### 5.1 FUINNEAMH NÍOS FEARR, TITHE NÍOS TEO

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais arna nEisiúint | 5,372 | 6,197 |
| Conraitheoirí Príobháideacha | 12,086 | 14,392 |
| Seirbhísí agus Cigireachtaí Teicniúla | 260 | 368 |
| Bainistíocht Custaiméirí agus Dearbhú Cáilíochta | 369 | 286 |
| Comhairleoireacht Cliant | 28 | 115 |
| Costais Eile | 125 | 75 |
| Forbairt agus Bainistíocht Córais TF | 32 | 16 |
| Costais Taistil | 5 | 4 |
| | **18,277** | **21,453** |

Tacaíonn an scéim Fuinnimh Níos Fearr, Tithe Níos Teo le huasghrádú a dhéanamh ar éifeachtúlacht tithe atá faoi úinéireacht phríobháideach atá thíos le bochtaineacht bhreosla. Eascraíonn compord níos fearr agus costais laghdaithe fuinnimh as feabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh. Déanann an SEAI an scéim a riar agus a sheachadadh trí mheascán d'Eagraíochtaí Pobalbhunaithe (CBOanna) agus painéal de chonraitheoirí príobháideacha.

In 2012, chuaigh Eagraíocht Phobalbhunaithe (CBO) a raibh comhaontú deontais acu leis an SEAI, chun glacadóireachta. Fuair an CBO suim €134,904 ón SEAI a bhain le huasghrádú tithe a bhí thíos le bochtaineacht bhreosla. Ní dhearnadh na tithe seo a uasghrádú. Chuir an tÚdarás Biúró um Imscrúdú Calaoise an Gharda Síochána ar an eolas. D'éirigh leis an Údarás lian a bhaint amach ar mhaoin a bhí faoi úinéireacht an CBO agus cheap siad glacadóir chun an mhaoin a dhíol chun na cistí a bhí le híoc a aisghabháil. Díoladh an mhaoin i Meán Fómhair 2013 agus b'ionann an glanchaillteanas don SEAI agus €7,109.

### 5.2 TITHE NÍOS TEO CEANTARBHUNAITHE

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais arna nEisiúint | 6,911 | 4,113 |
| Oibriú/Cur chun Cinn an Chláir | 127 | - |
| | **7,038** | **4,113** |

Tacaíonn an Clár Ceantarbhunaithe Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo le tionscadail sprioctha gheografacha nó cheantarbhunaithe atá ar ardchaighdeáin, ar a bhfuil praghas iomaíoch agus a sholáthraíonn feabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh do thithe ag a bhfuil drochfhuinneamh. Dírítear ar shraith chuimsitheach tionscadal a sheachadadh a chruthaíonn coigiltí fuinnimh d'úinéirí leochaileacha tí agus do phobail, trí thionscadail a spreagann cur chuige comhpháirtíochta agus atá costéifeachtúil ar an ábhar sin. D'oibrigh an clár seo ar bhonn píolótach in 2012 agus tugadh isteach go hiomlán é in 2013.

### 5.3 CLÁR TIONSCAIL AGUS GNÓ

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Comhaontuithe Fuinnimh agus LIAN | 629 | 491 |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh a Chur chun Cinn sa Ghnó | 360 | 278 |
| Costais Oibríochtúla ACA/Trí E | 172 | 228 |
| Costais SME agus Tionscail Eile | 301 | 218 |
| Costais Forbartha augs Chothabhála Córais TF | 48 | 90 |
| Costais Taistil | 12 | 14 |
| | **1,522** | **1,319** |

Tacaíonn an clár seo le hiarrachtaí i measc gach earnáil ghnó chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus iomaíocht trí líonraí agus seirbhísí a chuireann bainistíocht struchtúrtha fuinnimh chun cinn i leith caighdeán den chéad scoth, agus margaí a fhorbairt le haghaidh comhairle agus seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh. Áiríodh leis an gclár, chomh maith, tacaíocht agus cothabháil an chláir um Liúntais Luathaithe Chaipitil/Trí E ag a bhfuil bunachar sonraí de bhreis ar 10,000 táirge éifeachtúlachta fuinnimh.

### 5.4 TITHE FUINNIMH NÍOS FEARR

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais arna nEisiúint | 13,132 | 28,922 |
| Seirbhísí agus Cigireachtaí Teicniúla | 833 | 1,336 |
| Seachadadh Oibríochtúil | 785 | 788 |
| Costais Eile | 301 | 300 |
| Costais TF | 359 | 278 |
| Fógraíocht | 251 | 212 |
| Costais Taistil | 7 | 1 |
| | **15,668** | **31,837** |

Soláthraíonn an scéim Tithe Fuinnimh Níos Fearr cúnamh d'úinéirí tí ar spéis leo feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh a dtí d'fhonn úsáid agus costais fuinnimh, astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú agus feabhas a chur ar na leibhéil chompoird laistigh dá dteach. Scéim náisiúnta atá ann atá oscailte do gach úinéirí tí a bhfuil áitreabh acu a tógadh roimh 2006. Tá an clár faoi stiúir éilimh agus is é laghdú ar éileamh an t-údar atá le laghdú ar chaiteachas deontais.

In 2011, shainaithin an tÚdarás líon neamhrialtachtaí a bhain le conraitheoir amháin faoin Scéim Tithe Fuinnimh Níos Fearr. Amhail an 31 Nollaig 2013, b'ionann an tsuim iomlán atá á himscrúdú agus €513,935. Tá laghdú €10,165 tagtha air seo ón mbliain roimhe mar gheall ar aisghabháil cistí. Tá an figiúr seo faoi réir leasú anuas ar feitheamh cur i gcrích imeachtaí dlí agus aisghabháil na gcistí.

Is é an líon iomlán na ndeontas arna n-eisiúint ó cuireadh tús leis an Scéim Tithe Fuinneamh Níos Fearr go 31 Nollaig 2013 158,648. Amhail dheireadh 2013, bhí an tÚdarás ag dul sa tóir ar aisíocaíocht 188 deontas ar luach €189,069, a d'eascair ó sháruithe ar théarmaí agus coinníollacha Scéim Tithe Fuinnimh Níos Fearr (gan na huimhreacha san áireamh san imscrúdú atá leagtha amach san alt thuas). Rinneadh 52 de na cásanna seo a chur faoi bhráid Bhiúró um Imscrúdú Calaoise an Gharda Síochána.

### 5.5 ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH NA HEARNÁLA POIBLÍ

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Seirbhísí Comhairleoireachta do Chliaint | 792 | 793 |
| Acmhainní EinE do Scoileanna | 100 | - |
| Costais Oibríochtúla Eile | 137 | 141 |
| Forbairt agus Bainistíocht Córais TF | 114 | 27 |
| Costais Taistil | 2 | 4 |
| | **1,145** | **965** |

Cuireann an clár seo cleachtais struchtúrtha bhainistíochta fuinnimh agus seachadann sé comhairle dhíreach ar éifeachtúlacht fuinnimh, meantóireacht, oiliúint agus tacaíochtaí speisialaithe teicniúla d'eagraíochtaí earnála poiblí.

Áirítear leis seo forbairt na creatlaí Náisiúnta Seirbhísí Fuinnimh le haisfheistiú a sheachadadh agus úsáid á baint as conrú feidhmíochta fuinnimh agus tacú le tionscadail aisfheistithe eiseamláireacha a léiríonn uasghráduithe atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh do d'fhoirgnimh agus áiseanna reatha.

### 5.6 IONAID OIBRE FUINNIMH NÍOS FEARR

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais arna nEisiúint | 1,826 | 11,308 |
| Forbairt agus Cothabháil TF | - | 3 |
| Oibriú/Cur chun Cinn an Chláir | 101 | 228 |
| | **1,927** | **11,539** |

Scéim deontais aisfheistithe a bhí sa chlár seo a bhí oscailte d'eagraíochtaí den earnáil phoiblí agus phríobháideach a bhí dírithe ar thabhairt faoi chur i bhfeidhm tionscadail chaipitiúla éifeachtúlachta fuinnimh. Tá an clár seo dúnta anois.

### 5.7 FOIRGNIMH ARDFHEIDHMÍOCHTA

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Staidéir Thaighde Choimisiúnaithe | - | 52 |
| Forbairt agus Cothabháil TF | - | 2 |
| Costais Taistil | - | - |
| | **-** | **54** |

Thacaigh an clár seo le soláthar taighde, faisnéise agus treorach don rialtas agus do chleachtóirí an tionscail tógála maidir le cleachtais, modheolaíochtaí, ábhair agus córais oiriúnacha tógála, agus dul i ngleic le rioscaí agus dúshláin nuálaíochta, amhail a theastaíonn chun tabhairt faoi na spriocanna éigeantacha um fhoirgnimh ísealfhuinnimh faoi bheartais náisiúnta agus AE. Tá an clár seo dúnta anois.

### 5.8 CLÁR FORBARTHA AISFHEISTITHE

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Forbairt an Chláir | 116 | 66 |
| Forbairt Córais TF | 84 | 80 |
| Costais Eile | 45 | 39 |
| Comhairle Straitéiseach | 44 | 30 |
| Comhairleoireacht Cliant | 39 | 26 |
| Costais Taistil | 1 | 4 |
| | **329** | **245** |

Tá sé de chuspóir an chláir Aisfheistithe tacú le forbairt an Chláir náisiúnta agus níos fairsinge, Fuinneamh Níos Fearr, amhail a fógraíodh i mBealtaine 2011 i dtreo baint amach spriocanna um choigilt fuinnimh a chuirtear in iúl sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2012. Cuireann forbairt le cláir rathúla intíre agus neamh-intíre deontais an SEAI agus glacfaidh siad an scála gníomhaíochta chuig leibhéal nua nach raibh coinne leis, atá dírithe ar ghníomhairí margaidh a spreagadh chun gnímh, lena n-áirítear soláthraithe fuinnimh, chun uasghráduithe ardtoirte a sheachadadh go héifeachtúil agus go héifeachtach. Anuas air sin, díreoidh an clár ar an aistriú a theastaíonn chun bheith mar bhonn agus taca le todhchaí ina bhfuil meicníochtaí nua maoinithe i bhfeidhm chun tacú le haisfheistiú na bhfoirgneamh agus na n-áiseanna.

### 5.9 POBAIL FUINNIMH NÍOS FEARR

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais arna nEisiúint | 7,782 | 1,783 |
| Oibriú/Cur chun Cinn an Chláir | 176 | 10 |
| | **7,958** | **1,793** |

In 2012, sheol an SEAI gairm phíolótach Pobail Fuinnimh Níos Fearr chun tacú le tionscadail ar leibhéal an phobail, a lorg go sonrach chun comhpháirtíochtaí nuálacha agus ceannródaíocha a thástáil lena seachadadh idir na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, intíre agus neamh-intíre, tráchtála agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, mar shampla. Anuas air sin, tugadh cuireadh do réitigh eile chun coigiltí fuinnimh a sheachadadh laistigh de phobal a dhéanann acmhainní reatha a ghiaráil. In 2013, sheol an SEAI Clár gairm iomlán don Chlár Pobail Fuinnimh Níos Fearr.

Is iad príomhchuspóirí an Chláir Pobail Fuinnimh Níos Fearr:

- Soláthar a dhéanamh do phróiseas oscailte, trédhearcach agus iomaíoch roghnaithe;
- Feabhas a chur ar éifeachtúlacht leictreach agus teirmeach stoc agus acmhainní an fhoirgnimh a spreagann bearta níos doimhne agus níos dúshlánaí i dtaobh cúrsaí teicniúla/geilleagracha de a chur i bhfeidhm;
- Cur chuige costéifeachtúla agus nuálacha comhpháirtíochta a sholáthar chun tionscadail fuinnimh inmharthana a sholáthar de scála a leanfaidh le cur le dul chun cinn laistigh den phobal agus den réigiún;
- Acmhainní áitiúla a shlógadh chun breisíocht a sholáthar agus lena léiriú conas is féidir acmhainní ó thionscadail agus eagraíochtaí reatha a ghiaráil;
- Gníomhaíocht fostaíochta a spreagadh trí thionscadail diansaothair uasghrádaithe fuinnimh inmharthana.

### 5.10 MÉADRÚ CLISTE FUINNIMH NÍOS FEARR

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Staidéir/Tuarascálacha Coimisiúnaithe | 166 | - |
| Oibriú/Cur chun Cinn an Chláir | 13 | - |
| Costais Oibríochtúla Eile | 19 | - |
| | **198** | **-** |

Comhaltaí iad an SEAI de Ghrúpa Stiúrtha an Tionscadail Náisiúnta Mhéadraithe Chliste (NSMP) agus tá siad freagrach as Sreabhadh Oibre Fostaíochta Custaiméirí an tionscadail a stiúradh. In 2013, chistigh an SEAI grúpaí fócais poiblí tomhaltóirí chun cabhrú leis an tionscadal chun an NSMP a dhearadh. Anuas air sin, stiúir an SEAI forbairt an phlean Fostaíochta Custaiméirí. Mar chuid den chlár seo, chríochnaigh an SEAI fardal náisiúnta de bhonneagar Binse Tástála Eangaí Cliste amhail a leagadh amach an tasc sin faoi phlean gníomhaíochta le haghaidh post an Rialtais.

### 5.11 MAOINIÚ FUINNIMH NÍOS FEARR

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Staidéir Thaighde Choimisiúnaithe | 211 | - |
| Costais Taistil | 10 | - |
| Costais Oibríochtúla Eile | 281 | - |
| | **502** | **-** |

Tionscnamh Rialtais atá sa tionscadal Maoinithe Fuinnimh Níos Fearr (BEF) d'fhonn aistriú chuig cur chuige atá dírithe níos mó ar an margadh i leith éifeachtúlachtaí fuinnimh a fhíorú agus is príomhghné é i bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Post an Rialtais, a aithníonn scóip shuntasach chun fostaíocht a bhaineann leis an tógáil a eascraíonn ó chlár náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh. Díríonn Tionscadal an BEF ar thaighde a dhéanamh ar an aistriú a theastaíonn chun bheith mar bhonn agus taca leis an ngluaiseacht i dtreo na meicníochtaí nua maoinithe is oiriúnaí le haghaidh tomhaltóirí ar mian leo a dtithe a uasghrádú agus fáil a bheith acu ar an gcoigilt iarmharach éifeachtúlachta fuinnimh.

### 5.12 TAIGHDE, FORBAIRT AGUS TAISPEÁINT FUINNIMH IN-ATHNUAITE

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais arna nEisiúint | 339 | 316 |
| Taighde lenar Tacaíodh | 243 | 145 |
| Fostaíocht agus Comhpháirtíochtaí Taighde | 408 | 253 |
| Forbairt agus Cothabháil TF | 2 | 15 |
| Staidéir/Tuarascálacha Coimisiúnaithe | 51 | 186 |
| Costais Taistil | 36 | 38 |
| | **1,079** | **953** |

Tacaíonn an clár seo le taighde ar fhuinneamh inmharthana, tionscadail agus staidéir forbartha agus thaispeána, agus soláthraíonn sé anailís speisialtóra agus acmhainní nua chun dul i ngleic le bacainní beartais agus teicneolaíochta atá roimh fhairsingiú fuinnimh inmharthana agus a chuireann feabhas ar chur i bhfeidhm fuinnimh inmharthana i margadh na hÉireann.

Anuas air sin, déanann an clár faisnéis neamhspleách ar acmhainní agus forbairtí fuinnimh inmharthana a fhorbairt, a chur chun cinn agus a nuashonrú go rialta (lena n-áirítear an t-ardán GIS a dhéanann léarscáileanna acmhainní gaoithe, bithfhuinnimh agus geoiteirmeacha a óstáil), agus tacaíonn sé le rannpháirtíocht na hÉireann i dtaighde idirnáisiúnta agus malartú faisnéise dea-chleachtais sna haicmí seo. Áirítear leis seo an tairseach náisiúnta um thaighde ar fhuinneamh agus pointe comhordaithe a sholáthar chun rannpháirtíocht na hÉireann a chur chun cinn i gcláir chistithe an AE agus tacú le rannpháirtíocht na hÉireann i ngníomhaíochtaí taighde na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh.

### 5.13 FUINNEAMH AIGÉIN

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais arna nEisiúint | 404 | 1,037 |
| Oibreacha ar Fochonradh | 1,164 | 795 |
| Staidéir/Taighde Coimisiúnaithe | 126 | 303 |
| Costais Eile | 146 | 229 |
| Obair Shuíomh Tástála Mhaigh Eo | 12 | 169 |
| Costais Taistil | 10 | 21 |
| | **1,862** | **2,554** |

Riarann an SEAI an Clár Fuinneamh Aigéin chun cinneadh beartais an Rialtais a chur i bhfeidhm chun forbairt Fuinneamh Aigéin in Éirinn a luathú. Bunaíodh an clár chun fairsingiú teicneolaíochtaí fuinneamh aigéin in Éirinn a chur chun cinn. I measc ghníomhaíochtaí 2013, bhí an méid a leanas:

- Cabhair a thabhairt don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha chun an Plean Náisiúnta Forbartha Fuinnimh In-Athnuaite Amach ón gCósta a thabhairt chun críche.
- Tairiscintí deontais a riar do 11 thionscadal faoin gciste fréamhshamhla um Thaighde agus Forbairt Fuinneamh Aigéin.
- Clár suirbhéanna ar ghrinneall na farraige ag suíomhanna féideartha forbartha i gcomhpháirtíocht le Foras na Mara.
- Forbairt leanúnach na suíomhanna náisiúnta tástála tonnfhuinnimh i mBéal an Mhuirthead agus i gCuan na Gaillimhe.

### 5.14 ICOE

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Oibriú/Cur chun Cinn an Chláir | - | 478 |
| | **-** | **478** |

Tarlú aonuaire a bhí sa chlár in 2012 agus ní raibh aon chaiteachas i gceist in 2013.

### 5.15 FAISNÉIS AR FHUINNEAMH IN-ATHNUAITE

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Costais Dúnta an Chonartha Seirbhíse (REIO) | - | 61 |
| Oibriú/Cur chun Cinn an Chláir | 49 | 2 |
| | **49** | **63** |

Soláthraíonn an clár seo comhairle agus faisnéis neamhspleách ar shaincheistenna teicniúla, airgeadais agus sóisialta a bhaineann le forbairt agus fairsingiú fuinnimh in-athnuaite. Cuimsíonn seo roinnt feidhmeanna a sheachaid Oifig Faisnéise um Fhuinneamh In-Athnuaite (REIO) an SEAI roimhe seo, a dúnadh in 2011.

### 5.16 POBAIL FUINNIMH INMHARTHANA

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais arna nEisiúint | - | 50 |
| Seachadadh na hOibríochta | 64 | 30 |
| Comhairle Straitéiseach | 15 | 22 |
| Costais Taistil | 6 | 11 |
| | **85** | **113** |

Tá sé de chuspóir ag an gclár seo claochlú a spreagadh ar leibhéal pobail áitiúil, i dtreo cleachtais níos inmharthana fuinnimh, tríd an réimse de theicneolaíochtaí, teicnící, beartais agus iompair a thaispeáint agus a chur chun cinn a dhéanfaidh todhchaí fuinnimh inmharthana d'Éirinn a fhíorú. In 2011, síneadh an clár ó Chrios Fuinnimh Inmharthana Dhún Dealgan chun tacú le trí Phobal Fuinnimh Inmharthana (SEC) faoi stiúir údaráis áitiúil agus líonra náisiúnta SEC.

### 5.17 STAITISTICÍ AGUS SAMHALTÚ FUINNIMH

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Comhairle Straitéiseach ar Shamhaltú Fuinnimh | 44 | 236 |
| Costais Eile | 118 | 139 |
| Tuarascálacha/Taighde Coimisiúnaithe | 354 | 117 |
| Costais Taistil | 36 | 33 |
| Ceadúnais TF | 47 | 14 |
| | **599** | **539** |

Comhlíonann an clár seo freagracht an SEAI as staitisticí cuimsitheacha, náisiúnta agus earnála a fhorbairt, a choimeád agus a fhoilsiú le haghaidh táirgeadh, aistriú agus úsáid deiridh fuinnimh. Áirítear leis seo staidéir mhionsonraithe shamhaltaithe agus anailís bheartais chun bonn neamhspleách fianaise a sholáthar chun tacú le déanamh beartas náisiúnta, agus chun bheith rannpháirteach i réimse gníomhaíochtaí measúnaithe agus pléite beartas náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### 5.18 FEITHICLÍ LEICTREACHA

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais arna nEisiúint | 252 | 771 |
| Clár Píolótach FL Oileán Árann | 77 | 85 |
| Costais Eile | 34 | 43 |
| Forbairt agus Cothabháil TF | 3 | 17 |
| Costais Taistil | 4 | 4 |
| | **370** | **920** |

Tacaíonn an clár seo le tabhairt isteach teicneolaíocht feithiclí leictreacha i gcóras iompair na hÉireann. Tá an clár seo faoi stiúir éilimh agus is é laghdú ar éileamh an t-údar atá le laghdú ar chaiteachas deontais.

### 6. LEITHGHABHÁLACHA

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam conradh an AE | 273 | 331 |
| Fáltais ó dhíolachán maoine eagraíocht pobalbhunaithe | 132 | - |
| Brabús ó Chomhdháil ICOE | 100 | - |
| Aisíocaíochtaí deontais | 30 | - |
| Eile | 13 | 21 |
| **Íocaíochtaí leis an Státchiste** | **548** | **352** |

Aisíocadh na suimeanna thuas leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ón SEAI. Baineann na suimeanna le fáltais Neamh-Státchiste a fuair an SEAI, lena n-áirítear ioncam ó Chonradh an AE, fáltas ó mhaoin Phobalbhunaithe a dhíol (Féach Nóta 5.1) agus ioncam ó chomhdháil an ICOE (Féach Nóta 5.14).

### 7. RÁTÁIL FUINNIMH FOIRGNIMH

| | 2013 €'000 | 2012 €'000 |
|---|---|---|
| Oibríocht Sheachfhoinsithe an Chláir | 519 | 661 |
| Forbairt agus Seachadadh an Chláir | 324 | 302 |
| Fógraíocht | 430 | 232 |
| Dearbhú Cáilíochta | 273 | 333 |
| Tacaíocht agus Cothabháil TF | 258 | 194 |
| Forbairt Córas TF | 172 | 117 |
| Costais Taistil | 12 | 8 |
| | **1,988** | **1,847** |

Bunaíodh an scéim um Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2006 (I.R. Uimh. 666 de 2006) (cúlghairithe) agus tá sí anois á rialáil faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), (I.R. 243 de 2012).

Ainmníodh an SEAI mar an Údarás Eisithe ag a bhfuil freagracht as measúnóirí BER a chlárú, uirlisí TF agus córais a sholáthar le haghaidh measúnuithe, measúnuithe logála BER ar an gclár náisiúnta agus bainistíocht agus cur chun cinn fhoriomlán na scéime.

B'ionann ioncam BER don bhliain agus €3,063,900 (2012: €2,206,224) as ar eascair barrachas €1,076,123 (2012: €358,978) sa bhliain.

## 8. SÓCMHAINNÍ SEASTA

| | Trealamh agus Bogearraí TF | Clár Ocean | Trealamh Oifige | Daingneáin & Feistis | Mótarfheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas:** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2013 | 992 | 1,028 | 11 | 243 | 42 | 2,316 |
| Diúscairtí | (51) | - | - | - | - | (51) |
| Breisiúcháin | 188 | - | - | - | - | 188 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2013** | **1,129** | **1,028** | **11** | **243** | **42** | **2,453** |
| **Dímheas:** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2013 | (864) | (827) | (11) | (129) | (42) | (1,873) |
| Diúscairtí | 51 | - | - | - | - | 51 |
| Muirear don Bhliain reatha | (142) | (201) | - | (19) | - | (362) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2013** | **(955)** | **(1,028)** | **(11)** | **(148)** | **(42)** | **(2,184)** |
| **Glanluach Leabhar amhail** | | | | | | |
| **an 31 Nollaig 2013** | **174** | **-** | **-** | **95** | **-** | **269** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012** | **128** | **201** | **-** | **114** | **-** | **443** |

## 9. FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Tairiscint Choinséartó Dhún Dealgan | 232 | 122 |
| Conarthaí an AE | 153 | 73 |
| Feichiúnaithe an EPBD | 226 | 208 |
| Réamhíocaíochtaí | 238 | 306 |
| Feichiúnaithe Eile | 16 | 627 |
| | **865** | **1,336** |

## 10. CREIDIÚNAITHE AGUS FABHRUITHE

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Creidiúnaithe | 498 | 553 |
| Fabhruithe | 638 | 141 |
| Tionscadal Iomlánaíoch Dhún Dealgan 2020 | 3,768 | 3,404 |
| CBL | 516 | 1,095 |
| PSWT | 293 | 433 |
| ÍMAT/ÁSPC | 108 | 103 |
| Creidiúnaithe Eile | 473 | 286 |
| Ioncam Iarchurtha | 207 | 139 |
| | **6,501** | **6,154** |

## 11. AN CUNTAS CAIPITIL

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Iarmhéid Tosaigh | 443 | 728 |
| **Aistriú (ó)/chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:** | | |
| An tsuim a caipitlíodh maidir le sócmhainní a ceannaíodh | 187 | 182 |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní | (361) | (467) |
| | (174) | (285) |
| **Iarmhéid ag deireadh na bliana** | **269** | **443** |

## 12. BANC

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Cuntas Bainc Reatha | 8 | - |
| Cuntas Coigiltí | 2,081 | 402 |
| Cuntas Iomlánaíoch | 3,768 | 3,405 |
| Cuntas an EPBD | 1,276 | 289 |
| | **7,133** | **4,096** |

San áireamh i bhfigiúir an bhainc tá €3,768,039 (2012: €3,405,631) a bhaineann le tionscadal Iomlánaíoch Dhún Dealgan 2020. Tionscadal AE atá sa tionscadal seo a chistítear faoi FP6 (an Séú Creat-Chlár le haghaidh Taighde agus Forbairt Teicneolaíochta). Gníomhaíonn an SEAI mar chomhordaitheoir an tionscadail, ina bhfuil 23 comhpháirtí i 6 thír Eorpacha. Mar an comhordaitheoir, faigheann an SEAI cistiú an AE thar ceann an tionscadail agus leithdháileann siad an cistiú seo do na comhpháirtithe ábhartha. Cuireadh tús leis an tionscadal in 2007 agus baineann an tsuim ar láimh ag deireadh 2013 le cistí a fuarthas ón AE nár leithdháileadh ar na comhpháirtithe ábhartha. Go dtí seo, fuair an SEAI €8,574,571 (2012: €7,358,281) ar an iomlán.

## 13. COSTAIS PHINSIN

Oibríonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) scéimeanna neamhchistithe sochair shainithe aoisliúntais don fhoireann.

Bunaítear na torthaí a leagtar amach thíos ar luacháil achtúireach na ndliteanas pinsin maidir le foireann seirbheála agus iarfhoireann an SEAI amhail an 31 Nollaig 2013. Thug achtúire neamhspleách cáilithe faoin luacháil ar mhaite leis an gcaighdeán cuntasaíochta, Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 17 – Sochair Scoir (FRS 17).

### A. Anailís ar na bPinsean Iomlán a Gearradh ar Chaiteachas

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Costais Reatha Seirbhíse | 944 | 738 |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | 665 | 618 |
| Asbhaintí Aoisliúntais Foirne | (197) | (224) |
| **Costas Pinsin sa tréimhse** | **1,412** | **1,132** |

### B. Anailís ar ghluaiseacht i nDliteanas le linn na bliana

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Dliteanas na scéime amhail an 1 Eanáir | 16,844 | 11,705 |
| Costas reatha seirbhíse | 944 | 738 |
| Costais úis | 665 | 618 |
| (Gnóthachan )/caillteanas achtúireach | (1,688) | 3,941 |
| Sochair a íocadh sa bhliain | (287) | (158) |
| **Dliteanas na scéime amhail an 31 Nollaig** | **16,478** | **16,844** |

### C. Cistiú Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Aithníonn an SEAI na suimeanna seo amhail bheith ina sócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas neamhchistithe le haghaidh pinsean ar bhonn sraith toimhdí a ndéantar cur síos orthu thuas, mar aon le líon imeachtaí roimhe seo. Níl aon fhianaise ag an SEAI nach leanfaidh an beartas cistithe seo leis na suimeanna sin a chomhlíonadh i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

| **Glanchistiú Iarchurtha le haghaidh Pinsean sa Bhliain** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Cistiú atá in-aisghnóthaithe maidir le costais phinsin na bliana reatha | 1,609 | 1,356 |
| Deontas Stáit a úsáideadh chun pinsin a íoc | (287) | (158) |
| | **1,322** | **1,198** |

B'ionann an tsócmhainn iarchurtha chistithe le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2013 agus €16,478,521 (2012: €16,843,976).

### D. Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí

| Gnóthachain/(Caillteanais) ó Thaithí ar Dhliteanais na Scéime | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| Suim (€) | 1,688 | 436 | 81 |
| Céatadán luach reatha dhliteanais na scéime | 10.20% | 2.60% | 0.70% |
| An tsuim iomlán a aithnítear in STRGL | 1,688 | (3,941) | (604) |
| Céatadán luach reatha dhliteanais na scéime | 10.20% | 23.40% | (5.20%) |

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear i Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán agus €1,006,000 (2012: €2,694,000)..

### E. Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Socrú pinsean tuarastail deiridh sochair shainithe atá sa scéim pinsin ag a bhfuil sochair agus ranníocaíochtaí a shainítear trí thagairt a dhéanamh do rialacháin reatha 'samhla' scéim na hearnála poiblí. I gcás ranníocóirí ÁSPC aicme D, cuireann an scéim pinsean (an t-ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéilí agus leanaí ar fáil. I gcás ranníocóirí ÁSPC aicme A, cuireann an scéim pinsean (dhá ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) a mhéid le tairseach 3 1/3 uair uasráta bliantúil an phinsin ranníocaigh stáit, aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéilí agus leanaí ar fáil. Is í an Ghnáthaois Scoir breithlá 65 bliain d'aois comhalta, agus tá comhaltaí atá ina gcomhaltaí ó thráth roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60 bliain d'aois. Is gnách go méadaítear pinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) ar aon dul le boilsciú ginearálta tuarastail na hearnála poiblí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS17 (Leasaithe) ar luacháil iomlán achtúireach an 14 Feabhra ag achtúire cáilithe neamhspleách a chuir ceanglais an FRS san áireamh d'fhonn measúnú a dhéanamh ar na dliteanais scéime amhail an 31 Nollaig 2013.

### Costais Phinsin (ar leanúint)

Ba iad na príomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh:

| | An 31/12/13 | An 31/12/12 | An 31/12/11 |
|---|---|---|---|
| Ráta lascaine | 3.75% | 3.75% | 5.00% |
| Ráta an mhéadaithe i dtuarastail | 3.50% | 3.50% | 3.50% |
| Ráta an mhéadaithe i bpinsin | 3.25% | 3.25% | 3.25% |
| Boilsciú | 2.00% | 2.00% | 2.00% |

Is ionann na Táblaí Mortlaíochta a úsáideadh agus iad seo a leanas:

Gníomhach agus Iarchurtha: PMA92 (C=2040) i gcás fear a rátáladh anuas 3 bliana agus and PFA92 (C=2040) i gcás ban a rátáladh anuas 2 bhliain;

Pinsinéirí: PMA92 (C=2040) i gcás fear agus PFA92 (C=2040) i gcás ban.

Bunaithe ar na táblaí seo, is ionann a leanas an t-ionchas saoil amach anseo ag aois 65 i gcás fear agus ban:

Pinsinéirí reatha ag aois 65:
Fear 22.5 bliain Bean 23.9 bliain
Pinsinéir amach anseo ag aois 65:
Fear 25.0 bliain Bean 26.0 bliain

## 14. CEANGALTAIS DEONTAIS

Meastar gurb ionann a bheidh íocaíochtaí amach anseo ar dócha a eascróidh ó cheangaltais inar iontráladh faoi scéimeanna éagsúla tacaíochta agus €11,176,000 (2012: €18,202,000).

| | Tiomanta Amhail an 1 Ean 2013 | Tiomanta I rith na tréimhse | Díthiomanta | Íocaíochtaí | Tiomanta Amhail an 31 Nol 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **Éifeachtúlacht Fuinnimh** | | | | | |
| Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo | 1,292 | 8,545 | (1,688) | (5,372) | 2,777 |
| Ionaid Oibre Fuinnimh Níos Fearr | 5,981 | 2,452 | (6,607) | (1,826) | - |
| Imscrúdú Speisialta Comhaontuithe Fuinnimh | 68 | 25 | (26) | (22) | 45 |
| Tithe Níos Teo Ceantarbhunaithe | 285 | 7,821 | (1,195) | (6,911) | - |
| Tithe Fuinnimh Níos Fearr | 9,030 | 17,339 | (7,412) | (13,132) | 5,825 |
| Pobail Fuinnimh Níos Fearr | 355 | 10,786 | (1,578) | (7,783) | 1,780 |
| **Fuinneamh In-Athnuaite** | | | | | |
| Taighde, Forbairt agus Taispeáint Fuinnimh In-Athnuaite | 553 | 674 | (479) | (340) | 408 |
| Feithiclí Leictreacha | 54 | 345 | (77) | (252) | 70 |
| Aigéan | 584 | 472 | (381) | (404) | 270 |
| | **18,202** | **48,459** | **(19,443)** | **(36,042)** | **11,175** |

## 15. COMHALTAÍ BOIRD – NOCHTADH LEASA

Ghlac an Bord le nósanna imeachta i gcomhréir le hAlt 18 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 agus i gcomhréir le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta siúd i rith na bliana. Níorbh ann d'aon idirbheartaíochtaí sa tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag Comhaltaí Boird.

## 16. TÁILLÍ AGUS COSTAIS CHOMHALTAÍ BOIRD

Íocann an SEAI táillí agus costais lena gComhaltaí Boird i gcomhréir le rialacháin agus ciorcláin na Roinne Airgeadais. Chuir an SEAI cinneadh an Rialtais Mhárta 2012 i bhfeidhm maidir le táillí le haghaidh comhaltaí de Chomhlachtaí Stáit. Íocadh costais chomhaltaí boird €2,642 in 2013 (2012: €7,219).

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Táillí Boird** | | |
| Brendan Halligan (Cathaoirleach) | 12 | 12 |
| Grattan Healy (a) | - | 3 |
| John Buckley (b) | - | 2 |
| Tara Connolly (c) | - | - |
| Sean Wyse (d) | 2 | 8 |
| Joe Harford (a) | - | 2 |
| Julie O'Neill (e) | 8 | 7 |
| Micheal Conlon (f) | - | 5 |
| Anne Farrell | 8 | 5 |
| Michelle Green | 8 | 5 |
| Edgar Morgenroth (e) | - | - |
| Declan Waugh | 8 | 5 |
| Anne Connolly (g) | 5 | - |
| Micheal McGarry (h) | 5 | - |
| Patrick Gilroy (h) | 5 | - |
| Brian T Carroll | - | - |
| **Total** | **61** | **54** |

a) Ar scor an 1 Bealtaine 2012

b) Ar scor an 30 Aibreán 2012

c) D'éirigh as an 13 Eanáir 2012

d) Ar scor an 1 Bealtaine 2013

e) Ar scor agus athcheaptha an 1 Bealtaine 2013

f) D'éirigh as an 21 Lúnasa 2012

g) Ceaptha an 2 Bealtaine 2013

h) Ceaptha an 14 Bealtaine 2013

**Costais Chomhaltaí Boird**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Míleáiste Intíre | - | 4 |
| Cothabháil Intíre | - | 1 |
| Intíre eile | 2 | 2 |
| Aertháillí thar lear | - | - |
| | **2** | **7** |

## 17. ÁITREABH

Tá ceannoifig an SEAI lonnaithe i dTeach Pháirc Wilton, Baile Átha Cliath 2, agus tá fo-oifigí lonnaithe i nDún Dealgan, Corcaigh, Sligeach agus Béal an Mhuirthead, Contae Mhaigh Eo. Tá léas mar áis shealadach ag an SEAI a ghabhann ón 1 Iúil 2010 go dtí an 28 Deireadh Fómhair 2019 ar an gCeannoifig i dTeach Pháirc Wilton. Is ionann na ceangaltais chíosa a bheidh le híoc sa dá mhí dhéag amach romhainn agus €357,202.

## 18. FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA

Rinneadh figiúirí inchomparáide áirithe don bhliain a athghrúpáil nó a chur i láthair athuair ar an mbonn céanna leis an mbliain reatha.

## 19. FOSTAITHE

### Conradh Buan agus Fadtéarma

B'ionann an meánlíon d'fhostaithe conartha bhuain agus fhadtéarmaigh don tréimhse agus 54 (2012: 61) 61)

## 20. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an
26 Feabhra 2014

SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND | ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA HÉIREANN

**Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann**
Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, tBaile Átha Cliath 2, Éire

T +353 1 808 2100
F +353 1 808 2002

info@seai.ie
www.seai.ie

EUROPEAN REGIONAL DEVELOPMENT FUND

Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007 - 2013

Co-funded by the Irish Government and the European Union

*Tá Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann á mhaoiniú ag Clár Chistí Structúrtha an AE, ar Clár é atá comh-mhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus an Aontas Eorpach*